*Eagrán 68* *Nollaig 2020*

# Guth Ghoill

€3



**Clár**

**Ar an Chludach:** Reáchtáil muid comórtas ealaíne na Nollag do Scoil Naomh Bríd, na Dúnaibh agus do Scoil Cholmcille, Duibhlinn Riabhach - Bhí dearaí deasa do chlúdach an eagráin seo a lorg againn. Bhí caighdeán an-ard léirithe ag na páistí & ba mhaith linn ar mbuíochas a ghabháil leofa uilig as an ealaín ghalánta a cruthaíodh go speisialta dúinn. Roghnaíodh beirt bhuaiteoir ó achan rannóg agus tá siadsan le feiceáil ar ár gclúdach faoi láthair. Comhghairdeas libh, a phaiste!

**Coirnéal Nan** 2
**Cluain tSaileach** 9
**Eachra ar an Teorainn** 20
**Muintir Frank** 21
**Scéim Leictreachas na Tuaithe i bParóiste Mhíobhaigh** 42
**CLG na nDúnaibh 1948** 50

Ba mhaith linn uilig anseo i Céim Aniar ár mbuíochas a ghabháil libhse a léitheoirí a cheannaíonn Guth Ghoill go rialta agus daoibhse as baile a chuireann síntiús chugainn achan bhliain le go gcuirfí an iris chugaibh sa phost. Tá bhur ndílseacht do Ghuth Ghoill agus don Ghaeilge thar a bheith tábhachtach le go mairfidh an iris seo sna blianta amach romhainn.

Tá muid thar a bheith buíoch fosta do na daoine uilig a chuireann alt chugainn mar is cinnte nach bhfuil sé furasta in amanna scríbhneoirí a fháil.

Ach ba mhaith linn ár mbuíochas ó chroí a ghabháil le Nan as a halt 'Coirnéal Nan' a chur isteach chugainn go rialta, níl feidhm é a iarraidh uirthi cúpla uair. Dar ndóigh is bean ghealgháireach í Nan atá lán de spraoi agus de chraic agus is cinnte go léiríonn na píosaí a scríobhann sí na tréithe seo. Chan iontas ar bith go bhfuil sí go fóill ina bean óg chroiúil ag 94. Maith thú a Nan.

San eagrán seo fosta tá píosa breá scríofa ag Proinsí Mac Giolla Bhríde ( Proinsí Dhonchaidh Mhíchíl) faoina bhaile dúchais féin, Cluain tSaileach, na tithe agus na daoine a bhí beo ansin le linn dó a bheith ag fás suas. Seo duine eile a bhfuil féith an ghrinn ann. Maith thú a Phroinsí.

Fad saoil agus sláinte an bhradáin ag Proinsí agus ag Nan.

Ba mhaith linn Nollaig shona agus athbhliain faoi mhaise a ghuí libh uilig agus tá súil againn nach mbeidh muid neadaithe ar feadh tréimhsí fada sa bhliain atá romhainn mar a bhí muid anuraidh.



# Coirnéal Nan

Bhí mé ag insint daoibh san eagrán deireanach faoin lánúin Ghearmánach, Guntar agus Hilda, agus an dóigh a d'fhág siad aghaidh dhearg agamsa agus ag Bill agus Bob, beirt de bhunadh na háite. Tá mé cinnte nach ndearna an bheirt sin (go mbeidh Dia maith dóbhtha) dearmad ariamh den lá sin ar thaobh Thráigh na Rosann de Chnoc na Sleá. Tá a fhios agam nach ndearna mise dearmad de agus cha ndéanaim a choíche. Sin an focal sin ag teacht aníos arís. 'choíche.' Mar a luaigh mé cheana, d'inis mo mháthair domh a bheith cúramach leis an fhocal sin mar nach bhfuil a fhios ag daoine cad é ata rompu, agus bhí an ceart aici.
Tuigim go maith anois cad é a bhí sí ag rá. D'inis mé daoibh gur gheall mé domh fhéin nach rachainn a chóir uisce le turasóirí a choíche arís agus is mór an trua nár chloí mé le sin.
'Sé'n rud is mó a chur iontas ormsa an lá sin ná gur dochtúir a bhí i nGuntar agus bhí Hilda ina hiar-bhanaltra agus mheas mé fhéin nach mbeadh a leithéidí a n-iompar iad fhéin mar sin. Cibé ar bith b'éigean domh m'fhód a sheasamh nuair a chonaic mé go raibh an bheirt seo lán sásta dul rith a' bhealaigh 'na bhaile gléasta mar a bhí Ádhamh agus Éabha sa ghairdín, sular bhain Ádhamh plaic as an úll. "Clúdaígí sibh fhéin," a dúirt mé leofa, "nó cha ghlacaim coiscéim eile libh." Bhí iontas orthu gur chuir a nochtacht isteach orm. Tá sé doiligh sin a chreidbheáil ach sin mar a bhí. Fathach d'fhear mór maol a raibh féasóg air, agus a hippie de bhean ag siúl ar an choimíneacht gan stitch orthu. Rómhaith a bhí a fhios agam go raibh Bill agus Bob ar shiúl isteach romhainn agus go mbeadh an scéal a scaipeadh acu. Síleann daoine sa lá atá inniu ann go dtig leo eolas a scaipeadh go tapaidh ar Facebook ach tá mé ag insint daoibh, cha rachadh scéal thart ar Facebook leath chomh tapaidh is a rachadh scéal mar seo thart ar cheantar s'againne sna laethanta sin. Bheadh na comharsana uilig amuigh ag feitheamh orainn.

Rinne mé an oiread sin gearán le Guntar agus Hilda go raibh orthu géilleadh domh sa deireadh thiar thall is choinnigh mé súil ghéar amach a fhad is a bhí siad a ngléasadh fhéin.

D'imigh muid linn ina dhiaidh sin agus mise breá sásta liom fhéin. Chan amháin

go raibh dhá mhála lán duilisc liom ach bhí dhá shreang iasc, a d'fhág Bill agus Bob ina ndiaidh, linn fosta. Mar is cóngaraí don bhaile a chuaigh muid bhí mé ábalta aghaidheanna na gcomharsan a bhí bailithe ina mbaicle in aice le cró caorach s'againne a aithint. Scaip siad nuair nach raibh a dhath iontach le feiceáil. Cha bheinnse i bhfad ag déanamh bréag de ráfla mór Bill agus Bob.



Nuair a d'inis mé an scéal do Neil an tráthnóna sin thosaigh sé ag gáire. "Magadh atá tú," a dúirt sé. "Bhail leoga, níl mé," arsa mise. " Beidh siad anseo ar feadh seachtaine is beidh mise ag coinneáil amach as a gcosán agus déan thusa an rud céanna.

Bhí tréimhse d'aimsir bhreá shamhraidh ann an tseachtain sin agus d'imigh an bheirt amach ag turasóireacht thart achan mhaidin i ndiaidh a mbricfeasta agus chan fheicfeadhas muid iad arís go dtí an tráthnóna. Chuir mise amach an duileasc agus thriomaigh sé i lá amháin. Insíonn sin daoibh an cineál aimsire a bhí ann.

Lá arna mhárach bhí lag trá ann thart fá mheán lae agus bhí Neil ag déanamh réidh le ghabháil amach leis na potaí gliomach a thógáil. Thóg sé an bata fada a bhí aige le muiríní a thógáil, 'Slat na muiríní' a thug muid air agus bhí ciorcal de stáin láidir le píosa d'eangach ar a bharr. Nuair a chífeá muirín thíos faoin bhád cha raibh le déanamh ach an tslat a chur san uisce agus an muirín a thógáil san eangach. "Beidh deis againn muiríní a thógáil lá mar seo," arsa Neil. "Beidh cinnte," dúirt mé leis, "agus beidh muid ábalta dul amach ar an oitir." Ag an am sin gheobhfá neart muiríní ina luí ar ghaineamh an oitir nuair a bheadh tráigh rabharta ann. Sílim fhéin nach bhfuil a dhath níos blasta na muiríní friochta le píosa de mhuiceoil stríocach. Chuaigh mé fhéin amach ar an bhád leis mar bhain mé sult i gcónaí as a bheith amuigh ar an Mhaol Ruaidh agus chan iontas ar bith sin. Amharcann achan áit níos deise nuair atá tú ag amharc isteach ón fharraige. Is iomaí uair a thug Neil mé suas go Carraig Airt ar an churach nuair a bheadh an rabharta ann.

Chan fheiceann tú duine ar bith ag déanamh sin anois mar tá carr nó dhó ina shuí taobh amuigh d'achan teach. Cibé ar bith bhí muid amuigh ar an 'Dawn', bád beag a bhí againn ar feadh blianta. Thug Neil cúram maith di mar



cha raibh sé ariamh chomh sásta is a bheadh sé nuair a bhí sé amuigh ar an fharraige agus maide stiúrach ina lámh agus toitín ina bhéal. Cha raibh smid gaoithe ann an lá céanna agus bhí Neil ag tógáil na bpotaí agus bhí mise ag cur an baoite isteach iontu. Bhí an baoite istigh i mbairille beag adhmaid inár ghnáth leo na scadáin a shailleadh ann agus tá mé ag insint daoibh, ghlacfá goile iarainn a bheith agat le greim a choinneáil ar do dhinnéir nuair a bhainfeá an clár de. Chan ag magadh atá mé. Bhí an boladh tréan ar fad ach bhí mise breá cleachtaithe leis faoin am seo agus char chuir an boladh isteach nó amach orm. Chan amhlaidh a bhí sé nuair a thosaigh mé ag dul amach ar an bhád. Shíl mé go dtabharfadh sé mo bhás an chéad uair a bhain mé an clár den bhairille sin.  Bhí mé chomh tinn le madadh is ghlac sé tamall maith domh teacht chugam fhéin agus Neil ar crith leis an gháire.  Taispeánann sé duit go dtig leat fáil cleachtaithe le rud ar bith.

'Sé an rud is iontaí fá bheith amuigh ar an uisce lá ciúin ná go gcluineann tú achan rud.  Chluinfeá madadh ag tafann thuas i dTulach nó caora ag méileach ar Chnoc na Sleá agus chluinfeá, gan buaireamh ar bith, achan scread agus achan gháire ó na páistí is iad ag rith thart ag imirt lena chéile. Chan iontas ar bith é mar sin, nuair a bhí muid ag tógáil pota in aice le Carraig an Ime ar thaobh Fhánada  gur chuala muid duine inteacht ag scairteadh ainm Neil. "Neil, aloha, Neil."  "Cé sin?" arsa Neil, ach cha raibh feidhm ormsa amharc thart.  D'aithin mé glór an Ghearmánaigh Mhóir.  "Sin Guntar," a dúirt mé i gcogar, ná tabhair aird ar bith air.  Coinnigh ag dul agus ná lig ort fhéin gur chuala tú é."  "Tá a fhios aige go damanta maith go gcluineann muid é," arsa Neil.  "Déan neamhaird de," a dúirt mé, "caith amach an pota sin agus rachaidh muid síos go dtí'n Mheall Mhór amach as an chosán go tapaidh."  Bhain Neil an toit as a bhéal.  "A Nan," a dúirt sé,  "Cha dtig linn sin a dhéanamh."  "Cad chuige nach dtig?" arsa mise. Mar tá sé ag stánadh anall idir an dá shúil orm," arsa Neil.

Le sin thóg sé a lámh lena ordóg in airde aige. D'amharc mé thart ansin agus bhí an bheirt acu ina seasamh ar Phointe Shéamais.  "Can we come aboard," a scairt Guntar.  "No bother," a scairt Neil, agus é sásta go leor mar bhí i gcónaí dúil aige daoine a thabhairt amach ar an bhád leis.  Ach chan sásta a bhí mise!  Bhí a fhios agamsa go raibh mo lá socair suaimhneach i ndiaidh dul bealach an gharraí.



Tá dhá dhóigh cheart le dul isteach ar bhád. Isteach ón chéidh an dóigh is fearr nó isteach ó bhád eile, mar shampla punt beag, agus sin an dóigh a chuaigh muidinne isteach ar an Dawn i gcónaí. Taobh amuigh de na dóigheanna sin tá deacrachtaí dul a bheith agat. Cha raibh Pointe Shéamais ar dhóigh ar bith sásúil le daoine a thógáil as mar bhí na carraigeacha uilig ag gobadh amach faoin uisce agus cha raibh Neil ábalta an Dawn a thabhairt isteach cóngarach go leor.

Bhí lúcháir orm fhéin agus bhí mé go díreach réidh le 'sorry' a rá leo nuair a dúirt Guntar Mór go snámhfadh siad amach chugainn. "No way," arsa mise, "why not" arsa Guntar, is é réidh leis na héadaí a chaitheamh de. Mhínigh mé dóbhtha go raibh sruthanna contúirteacha sa chuan, rud atá fíor nócha faoin gcéad den am, ach an lá seo leis an tráigh cha raibh bogadh san uisce. Cha dtug mé deis dóbhtha sin a aithint agus dúirt mé leo dul isteach ar an tráigh. Rinne siad sin agus sa deireadh thiar thall fuair muid an bheirt isteach ar an bhád. Shílfeá go raibh siad i ndiaidh an lotto a bhaint bhí an oiread sin lúcháire orthu. Bhí go maith is cha raibh go holc agus sheol muid linn. Siocair nach raibh ach pota amháin eile le tógáil againn thosaigh Neil ag tógáil muiríní leis an tslat fhada, rud a chur iontas an domhain ar an bheirt.



Bhí mé fhéin breá socair faoin am seo mar bhí achan rud ag dul go maith. Mheas mé go soineanta nach raibh dóigh ar bith a dtiocfadh leis an bheirt praiseach a dhéanamh den lá orm amuigh i lár an chuain.

Bhí siadsan ag amharc san uisce agus ag scairteadh achan uair a chífeadh siad muirín agus ansin thógfadh Néil é amach as an uisce.

"There's a big one," arsa Hilda, agus chur Neil an t-inneall chun deiridh. "Tchím é," a dúirt sé, agus chur sé an tslat san uisce. Bhí, b'fhéidir,deich dtroigh d'uisce fúinn agus bhí sé ag síneadh síos go fada is a thiocfadh leis le greim a fháil ar an mhuirín. Fuair sé é san eangach ach an t-am seo nuair a thóg sé an tslat bhí an eangach imithe den bharr. D'amharc muid uilig san uisce is bhí sé le feiceáil go soiléir ar an ghrinneall. "Bhail, sin deireadh leis an tslat don lá inniu agus tá sé go réidh agat muid a ligint isteach ar an oitir, a Neil,"arsa mise , "gheobhaidh muid tuilleadh muiríní ansin." Sula bhfuair Neil deis freagra a thabhairt chuala muid an plab ón taobh eile den bhád. Cha raibh feidhm ormsa amharc thart mar bhí a fhios agam caidé a bhí ag dul ar aghaidh. Cinnte le Dia chonaic muid Guntar Mór mar a bheadh rón

ann thíos fúinn ag tógáil na heangaí agus gan stitch air. “Anois an gcreideann tú mé,” arsa mise le Neil. “Ó, a Dhia, ár sábháil,” arsa Neil, “caidé’n dóigh a bhfaighidh muid é isteach ar an bhád arís?” “Arú isteach ar an bhád,” arsa mise, “caidé’n dóigh a bheas muid ábalta an míol mór sin a thógáil isteach ar an bhád.?” Le sin bhris cloigeann Ghuntar craiceann an uisce agus shín sé an eangach chuig Neil. Sula raibh deis againn focal a rá, mhol sé dúinn an pota deireanach a thógáil agus go raibh seisean ag dul isteach ar an oitir le muiríní a thógáil. Cha dtiocfadh liom é a chreidbheáil, bhí sé réidh le siúl thart ar an oitir gan stich air agus bheadh sé soiléir d’achan duine a bheadh ag amharc amach ar an Mhaol Ruaidh gurb amhlaidh a bhí sé. Mheas mé nach dtiocfadh le rudaí éirí níos measa nuair a rinne Guntar iarracht a bhean chéile a mhealladh isteach san uisce. Sin bean nach raibh doiligh a mhealladh. Sheas sí agus bhí sí réidh le caitheadh di nuair a chuimhnigh mé ar bhairille na mbaoití.



“Would you pass me some bait please, Hilda, before you dive into the water?” arsa mise, agus aoibh mhór shoineanta ar m’aghaidh. “It’s in the wee barrel there.“ “Ya,” arsa Hilda, “I help ok.” Chas sí an clár agus thóg sí é agus d’amharc sí isteach sa bhairille. Bhail, a leithéid de ghlam phianmhar a lig sí aisti nuair a bhuail an boladh í. Thiontaigh sí go tapaidh agus chaith sí amach a bricfeasta thar taobh an bháid. Guntar bocht! Cha raibh faill aige bogadh amach as an chosán agus bhuail an t-iomlán é idir an dá shúil. Caithfidh mé a rá nach dtiocfadh liom fhéin nó le Neil an gáire a choinneáil istigh nuair a chonaic muid na cornflakes spréite thart ar a chloigeann mhaol.


Bhí na deora ag titim liomsa agus bhí Neil ar a ghlúine agus gan é ábalta a anáil a fháil leis an gháire nuair a mhothaigh muid bogadh láidir sa bhád is shíl mé go raibh muid dul a thiontú bun os cionn, shíl mé go raibh muid i ndiaidh carraige a bhualadh ach sé’n rud a bhí ann ná Guntar ag teacht isteach ar an bhád. Bhí sé i bhfad níb aclaí ná mar a shílfeá le hamharc air. Sheas Guntar sa bhád is thosaigh sé fhéin ag gáire. Cha raibh a fhios againne cá háit le hamharc. Thiontaigh Neil air an t-inneall agus chuaigh muid isteach le rása. Hilda bhocht, bhí sí chomh lag sin i ndiaidh a tinnis go raibh ar Ghuntar í a iompar isteach ón bhád. Le scéal fada a dhéanamh gairid chuaigh bliain iomlán thart agus rinne mé dearmad den bheirt go dtí go bhfuair mé litir ó Ghuntar ag rá go raibh sé fhéin is Hilda ag iarraidh theacht agus mí iomlán a

chaitheamh linn. Chuir mé freagra ar ais chuige sa chéad phost ag rá go raibh mé éirithe as an B&B. “Tá an saol róghairid” a dúirt me liom fhéin agus ní rachaidh mé a chóir an uisce le turasóirí arís. Ar chuala sibh mé? Ní rachaidh mé a chóir an uisce le turasóirí arís a choíche. Oops!

Creid é nó ná creid, a fheara, ach sin an scéal.



Nan & Neil ar bord an Dawn




# Cluain tSaileach

**le Proinsias Mac Giolla Bhríde (Prionsí Dhonchaidh Mhíchíl)**

Seo mo chuimhní ar bhaile fearainn Chluain tSaileach, na tithe agus na teaghlaigh a rinne cónaí iontu, le linn domhsa a bheith ag éirí aníos.Bhí Cluain tSaileach roinnte ina cheithre chuid – An Baile Thiar, An Baile Thoir, Liobóg agus an Chloich Bháin. ( An Chloch Bhán). De réir cuid léarscáileanna na Suirbhéireachta Ordanáis tá Reilig Mhíobhaigh i gCluian tSaileach fosta. Tá sé theach déag sa bhaile fearainn seo agus thig iad a leanstan ar an léarscáil.



**Teach Uimhir 1. Chéarlaí Ó Buaidhe (Chéarlaí Phádraig).**

Ba a mhac Nochaí agus a iníon Maggie a rinne cónaí sa teach i m'óige. Maraíodh a ndeartháir John sa chéad chogadh 1914—1918. Bhí siopa agus oifig poist sa teach agus ba anseo a bhí an t-aon ghuthán a bhí ar an bhaile seo. Ba Nochaí a bhí i mbun cúrsaí feirmeoireachta. Bhí muileann beag arbhair aige  fosta, ceann láimhe a bhí ann. Bhí an teach seo ar an phríomh ionad cumarsáide ar an bhaile, ba seo ag deireadh na dtriochaidí. Dá mbeadh ort scairt teileafóin a chur áit ar bith chaithfeá a dhul go dtí oifig an phoist agus chuirfeadh Maggie thú fríd. Ach d'fhéadfadh achan duine sa tsiopa do ghnoithe a chluinstean. Ba scéalta brónacha a tháinig



Maggie

fríd go dtí oifig an phoist bunús an ama, ba seo an teileagram nó an 'wire' mar a thugtaí air – scéalta fá dhaoine a fuair bás thar lear, b'fhéidir. Bean a bhí i Maggie a bhí thar a bheith flaithiúil le páistí, bhí sé de ghnás aici crág mhór milseán a chur amach ar an chúntar do pháistí. Ba a dearthár Chéarlaí agus a bhean Uni Nic Aoidh as Ailt a'Chaorthainn na daoine deireannacha den bhunadh a rinne cónaí sa teach. Is fada an lá ó druideadh an siopa agus oifig an phoist, druideadh iad '79/'80. Tá an teach seo anois folamh.

**Teach Uimhir 2. Paidí Mac Giolla Bhríde (Paidí Mór).**



Ba seo teach dhá stór a raibh a bhinn leis an bhealach mhór ach ba teach aon stór a bhí ann ag tús ama. Ba saor cloiche a bhí in Paidí agus d'ardaigh sé an teach go leibhéal dhá stór, rinne sé seo gan an díon a bhaint den teach. Cha raibh rogha ar bith eile aige mar nach raibh áit chónaí ar bith eile acu a fhad agus a bhí an obair seo ag dul ar aghaidh. B'éacht a bhí ann an díon a ardú agus gan acu ach poilíní (pulleys), cuaillí (poles) agus rópaí agus gur éirígh leo seo a dhéanamh gan an díon a bhaint den teach. Thógfadh siad airde an tigh méid áirithe achan lá agus ansin d'ísleodh siad an díon anuas ar seo san oíche. Lean siad ar aghaidh mar seo go dtí go raibh an teach tógtha go dtí leibhéal dhá stór. Ba é a thóg an 'North Star' i gCarraig Airt fosta, an teach ina bhfuil an Comhar Creidmheasa anois. Bhí aithne agam ar a bhean Máire ach níl cuimhne ar bith agam ar fhéin. Deartháir de m'athair mór a bhí ann. Bhí fuinneog bheag ar chúl a' tí agus chaith Máire neart ama ag urnaí ag an fhuinneog seo agus ag coinneáil súil ghéar ar na comharsana ag an am chéanna. Bhí garraí Phaidí Mhic Daibhéid díreach ar chúl a' tí. Bhí aithne againne air mar an 'Piper'. Ba ghnáth le Paidí cruach choirce a thógáil os comhair fhuinneog Mháire, seo leis an radharc ón fhuinneog a bhlocáil uirthi.Char glacadh go rómhaith le hiompar Phaidí Mhic Daibhéid ach ag an am chéanna bhí sé ag léiriú úinéireacht an gharraí. Ba chlann ábalta a bhí i muintir Phaidí Mhór ar dhóigheanna éagsúla. Bhí James ina ghré-asaí; chuaigh Pádraig agus Bearnaí isteach i gCabhlach Trádála na Breataine; bhí Mícheál tugtha don iascaireacht ach ina dhiaidh sin nuair a thug sé aghaidh ar Shasana ba cheird mar thógálaí cruach (steel erector) a lean sé ar bhun gairmiúil. Chonaic mé é i mbun a chuid oibre ag Stáisiún Leictreachais i ndeas de Gloucester. Chonaic mé an fear seo ag siúl trasna ar ghiarsa (girder) nach raibh ach 6 orlaí ar leithéid agus a bhí 80tr os cionn an talaimh. Choinnigh mé súil ghéar air agus nuair a tháinig sé anuas chuaigh mé i gceann cainte leis. Cha raibh aithne ar bith agam air mar go raibh sé ar shiúl as baile ar feadh blianta fada fan am seo. Chuir sé iontas an tsaoil ar an bheirt againn gur comharsana a bhí ionainn. D'fhan a dheartháir Donchadh (Dinis) sa bhaile ar an fheirm – bhí beathach aige, muileann arbhair láimhe agus áith aoil (limekiln).

Chaith a ndeirfiúr Annie furmhór a saoil ag obair i mBéal Feirste. Nuair a bhí

siad uilig ar shlí na fírinne bhí an teach fágtha ag Máire sin iníon Phádraig a bhí pósta ar Cholmán De Búrca, as Gaillimh. Ach ar an drochuair fuair Colmán bás go tobann. Díoladh an teach agus an fheirm i gCluain tSaileach ina dhiaidh sin le Seán Ó Conchúir an fear a thóg Óstlann an 'Downings Bay'. Tá teach Phaidí Mór i gCluain tSaileach ina luí folamh an mhórchuid den am.

**Áith aoil:** Foirgneamh beag ciorcalach cloiche a bhí ann, ag a raibh trastomhas (diameter) tuairim is 6tr. Bhí gráta ann a bhí tógtha ard go leor ón talamh le haghaidh tineadh. Bhí cairéal aolchloiche(limestone quarry) in aice láimhe. Chuirfí na clocha ina suí ar an ghráta, lastaí tine faofa agus théifí na clocha go teocht an-ard. Nuair a rachadh an tine as thógfaí amach na clocha agus nuair a chaití uisce fuar orthu dhéantaí dusta daofa. Dhéanfaí an dusta seo a mheascadh le gaineamh agus d'usáidfí é i dtógáil tithe.

## Teach Uimhir 3. Paidí Mac Daibhéid. ( Paidí Shéarlaí Phaidie).



Bhí Paidí agus a bheirt dheirfiúr, Máire agus Annie, ina gcónaí sa teach seo. An 'Piper' an leasainm a bhí ar Phaidí agus bhain muidinne, mar pháistí, sásamh agus spórt mór as seo in amanna. Le linn an tráthnóna agus isteach san oíche chaithfeadh Paidí bunús a chuid ama crochta trasna a leathdhorais ag amharc amach. Cha raibh againne le rá ach 'Piper' agus shínfeadh an tóir inár ndiaidh. I ndiaidh tréimhse de seo rachadh cuid againn bealach amháin agus baicle againn bealach eile agus d'fhágadh seo é idir dhá chomhairle faoi cén dream le leanstan. Cúipéir (cooper) a bhí in Paidí lá den tsaol ach nuair a bhí obair gann fá bhaile bhéarfadh sé a aghaidh ar fheirmeacha na hAlban. Ar cheann de na hócáidí seo thall rinne sé gearán leis an fheirmeoir dona raibh sé ag obair fá chaighdeán na bprátaí a bhí sé a thabhairt dóbhtha le hithe. Chan mór an sásamh ná truaigh a fuair sé ón fheirmeoir nuair a d'iarr sé ar Phaidí subh a chur orthu! Bhí a dheirfiúr Annie i ndrochshláinte furmhór a saoil ach san am chéanna chuir sí Paidí agus Máire agus mhair sí fhéin beo go raibh sí 96.

## Teach Uimhir 4. Dónal Mac Daibhéid. (Dónal Ghráinne).



Saor cloiche oilte a bhí i nDónal Ghráinne, fear a thóg lear de na tithe cónaithe thart fan cheantar. Is cuimhin liom gur thóg sé fhéin agus Nead Mac Giolla Bhríde (Ned Phaidí Éamoinn) as Gort na Luchóg teach Shéarlaí Phaidí Mhadgie, an teach ansin ag an choirnéal áit a dtiontaíonn an bealach ó chúrsa na farraige go dtí an Meall Mór. Ba John Mac Laifeartaigh ( John Dinis) as an Mhuirleog a chur an díon air agus a rinne na fuinneoga. Ba le Maggie, bean Shéarlaí, an seanteach agus an talamh agus, de thairbhe sin de, nuair a phós sé Maggie ba duine úr ar an

bhaile a bhí in Chéarlaí agus sin an tuige ar bhaist muid 'Newman' air agus ba seo leasainm nár thaitin go rómhaith leis. Ba as Gleann Úraí do Shéarlaí.

**Teach Uimhir 5. Sorcha agus Micí Mac Suibhne.**




Bhí aithne níos fearr ar an teach seo faoin ainm 'Bella's Pub', inniu tugtar an 'Singing Pub' nó an 'Sibín Ceoil' air. Teach garbh a bhí ann ina am. Bhí an beár ó thús ama ar thaobh do láimhe clé ar dhul isteach duit agus cha raibh áiteacha suí ar bith fan bheár. Sa seomra a bhí i lár báire a caitheamh an luaigh uilig. Bhí áit tineadh sa seomra uachtarach agus dhá stol fhada ar achan taobh den tine agus tábla a raibh drompla smeartha garbh air in aice na fuinneoige.

Bhí scéal ag na seandaoine gur ghnáth leis an fhear a raibh an teach seo aige na blianta roimhe sin a dhul as a chiall corruair. Ar cheann de na hócáidí seo chuaigh bean a' tí síos tigh Phaidí Mór ag lorg rásúir. Nuair a fiafraíodh díthe caidé'n úsáid a bhí sí chun baint as an rásúr dúirt sí go raibh sí chun scórnach an fhir a ghearradh le cuid den drochfhuil a scaoileadh amach. Bhí an gháir ann i measc na seanmhuintire gur maraíodh duine inteacht sa teach. B'fhéidir gur seo mar a tharla do fhear na drochfhola.

Fágadh an áit ag Eoin MacGiolla Bhríde ( Eoin Mhicí John) as Gort na Luchóg. Áit ghruama dhorcha a bhí sa bheár dá mbeifeá ansin ar do chuid fhéin agus iomrá fosta ar an áit go raibh taibhse ag bogadh thart ann! Dá mbeadh Eoin ansin ar a chuid fhéin shuífeadh sé ar an chlaí taobh amuigh. Théadh daoine a mbíodh fonn ólacháin orthu a fhad le Teach Mhicí Sophie (Teach Thrá Mhór) sna Dúnaibh i dtús báire sula mbuailfeadh siad isteach chuig Eoin. Bhéarfadh siad ruaig isteach chuig Eoin ar a mbealach 'na bhaile agus bhíodh seo i ndiaidh am druid go maith, bhí am druid ag a 10i.n. oíche Dhomhnaigh. Bhuail an Sáirsint Boylan isteach chuig Eoin oíche Dhomhnaigh amháin thart fá 10.30, bhí Eoin ina shuí ar an chlaí taobh amuigh agus gan duine ar bith istigh sa bheár. Mhol an sáirsint Eoin go mór as an bheár a bheith druidte aige agus achan duine curtha 'na bhaile aige. Dúirt sé le hEoin go raibh sárobair a dhéanamh aige, ag comhlíonadh an dlí agus a chuid dualgas go maith. Ach char ghlac Eoin le dhath de seo agus ar seisean leis an sáirsint – 'Chan sin mar atá sé ar chor ar bith, cha dtagann a nduine i mo chóirse go dtí go mbíonn sé i ndiaidh a haon déag, sin nuair a bhíonn siad ar a mbealach as na Dúnaibh'. Chroith an sáirsint a chloigeann agus d'imigh sé leis.

D'athraigh úinéireacht an tí leanna seo cúpla uair. Is le Mícheál Ó Dochartaigh as Baile na Deora an áit anois agus aithne leitheadach air mar an Sibín Ceoil. Tá athrú mór ar an áit anois le taobh mar bhí sé na blianta sin fadó, fadó.

## Teach Uimhir 6. Teach Mhicí Bán. ( Ó Gallchóir).



Bhí Dinis, Paidí, James, Máire agus Rose sa chlann seo. Teach dhá stór a bhí ann a bhí tógtha ar thaobh an chnoic le taobh an bhealaigh atá ag dul go Liobóg. Leagadh an teach seo agus tá teach úr tógtha ar an suíomh anois ag Tony agus Fiona Pasoma.Siúinéirí a bhí in James agus Paidí Mhicí Bán agus d'oibrigh siad ar Stáisiún Leictreachais Bhéal Átha Seannaigh nuair a bhíothas a thógáil. Nuair a bhí mé i mo pháiste bhéarfadh James punt domh ag an Nollaig achan bhliain agus ba airgead mór a bhí anseo do pháiste nach raibh a dhath aige. Phós sé Maggie, níon Shéarlaí Beag as an Raplach. Bhí níon amháin acu a bhfuil cónaí uirthi in Umlach.

Bhí a dheartháir Paidí pósta ar Annie Nic Giolla Bhríde ( Annie Mhicí John) as Gort na Luchóg. Gúnadóir den scoth a bhí in Annie agus d'oibrigh sí ón teach i gCluain tSaileach. Bhí níon amháin acu, Eileen, atá pósta i Leitir Ceanainn. D'fhan Dinis agus Máire fan bhaile, bhí Dinis ag dul don fheirmeoireacht.

## Teach Uimhir 7. Paidí Mac Daibhéid ( Paidí John Phaidie).



Bhí an teach seo i Liobóg. Bhí Paidí ina shaoiste le Comhairle Contae Dhún na nGall. Bhí páirt mhór aige i dtógáil an bhealaigh thart timpeall chúrsa na farraige, obair láimhe ar fad a bhí i gceist le déanamh an bhealaigh seo, char baineadh úsáid as innealra de chineál ar bith. Is fiú a lua gurb é an Dr. Mac Bhloscaidh ó Cho.Dhoire, a bhí ina dhochtúir sa cheantar ag an am, ba mhó a bhí taobh thiar den bhealach seo – Cúrsa na Farraige -- a bhrú chun tosaigh. Níl mórán eolais agam faoi chlann Mhic Daibhéid taobh amuigh den bheirt a d'fhan fan bhaile. Bhí Fanny pósta ar Ned Carr ( John Nochaí) as an Bhaile Úr. Iascaire a bhí in Ned agus bhí sé ar dhuine de na hiascairí a bhí ag iascaireacht bradán le Willie Cullen an oíche a bhris inneall an bháid síos, bhí Hughie Bhrógáin agus Anton Shus (Mac Giolla Bhríde) ar an bhád fosta. Thángthas ar an bhád tráthnóna lá arna mhárach cóngarach de Glengad in Inis Eoghain. Phós Bridget, deirfiúr Fanny, Tony Mac Giolla Bhríde ( Tony Bhrianaí Thuathail). Bhí siopa beag grósaera ag Tony in aice leis an teach s'againne agus lena chois sin d'oibrigh sé mar tacsaí fosta. Ba é Hudi a' Canainn as Doire a' Chasáin a thóg an siopa do Tony.



## Teach Uimhir 8. Johnny Ó Sibhleáin. ( Johnny Pharthalán).

Bhí Johnny pósta ar Ghracie Nic Daibhéid as Liobóg,

deirfiúr do Phaidí 'Ac Daibhéid. Seisear níonach agus gasúr amháin a bhí sa chlann. Ba lena dearthair Paidí an teach agus an talamh agus ceann de na mí-bhuntaistí ba mhó a bhain leis an teach ná nach raibh bealach ar bith ag dul a fhad leis an teach agus de thairbhe sin bhí achan rud le hiompar ón bhealach mhór. Cha raibh a dhath ag dul go dtí an teach ach casán siúil mar go raibh an teach tógtha ar mhalaigh comh géar sin. Iascaire a bhí in Johnny agus bhíodh sé ag iascaireacht le m'athair mór, Donchadh Mhíchíl. Bhíodh an chlann ag obair in Albain cuid mhaith den am agus ar deireadh sin an áit a raibh an chuid is mó acu ina gcónaí. Cha dearn duine ar bith cónaí sa teach leis na blianta.

**Teach Uimhir 9. Donchadh Mac Giolla Bhríde (Donchadh Mhíchíl). Mo theach fhéin.**



Iascaire a bhí in Donchadh Mhíchíl agus bhí skiff dá chuid fhéin aige, seo bád foscailte gan deic nach raibh inneal ar bith inti, rámhaí nó seoltaí a chur siúl fúithe. Bhíodh an bád coinnithe acu ag Poll Nocsaí agus le dhul go dtí an talamh iascaireachta bheadh orthu an bád a iomramh a fhad leis an Mheall Mhór agus is cinnte gur mhór an saothar iomartha a bhí anseo. Ansin bhéarfadh na seoltaí iad go dtí an talamh iascaireachta. Ba mhinic a rinneadh seo i ndorchadas na hoíche agus le farraige throm. Ba chruaidh a shaothraigh siad a bpunt. Bhí cor mór bradán leofa oíche amháin a bhí mbéal na ndaoine go ceann fada go leor ina dhiaidh sin, 140 bradán in aon oíche amháin. Ar an bhád leis bhí Paidí Mhadgie a bhí ina dhearthair ag m'athair mór, Johnny Pharthalán, comharsan béal dorais agus a dhearthair Stephen a'Pharthalán as Ros na Binne. Is cuimhin liom, mar pháiste, ag dul chuig an tobar le deoch uisce a fháil do m'athair mór Donchadh. Níl mórán de chuimhne agam ar é a bheith marbh. Chan fhaca mé mo mháthair mhór ariamh, caithfidhse go bhfuair sí bás measartha óg.Bhí teaghlach de cheathrar gasúr agus de cheathrar níonach acu.

Bhí Mícheál ag obair in Albain nuair a bhuail an Flu Spáineach an tír seo i 1918, seo an flu a mharaigh 27,000 duine sa tír seo. Tháinig Mícheál 'na bhaile le hamharc i ndiaidh cuid den chlann a raibh an flu orthu ach fuair sé fhéin an flu agus fuair sé bás leis. Cha raibh sé ach seacht mbliana agus fiche. Bhí a dhearthair Proinsias ar a bhealach chuig aifreann 11.30 i gCarraig Airt nuair a bhuail carr é ag teach Aindí Phádraig. Seo turasóir as Sasana a bhí ag stopadh in óstlann Ros na Binne agus is cosúil go raibh sé faoi thionchar an óil. Fuair Proinsias bás láithreach agus cha raibh sé ach an bhliain déag agus fiche, ba seo i 1931. Bhain tiomanaí an chairr na bonnaí as go Sasana agus cha raibh cás cúirte ar bith. Bhí dearthair eile Paidí ag teacht trasna thráigh Charraig Airt lá amháin agus beathach agus cairt leis ar a raibh malach trom iarainn. Baineadh cliseadh as an bheathach agus fágadh Paidí le cois bhriste. Níl fhios agam caidé'n deireadh a bhí leis an

bheathach agus an chairt. Blianta ina dhiaidh sin thug Paidí aghaidh ar Cheanada mar threabhdóir (ploughman) ach char mhair seo i bhfad. Thosíodh sé ag treabhadh ag a hocht a chlog ar maidin le dhá bheathach agus fan am a bhfaigheadh sé go dtí an cheann eile den pháirc bheadh sé a 2 a chlog. Fan am a mbíodh na beithigh cothaithe agus a dhinnéar faighte aige fhéin cha bheadh mórán den lá fágtha! Bhí sé i gcónaí rud beag mífhoighdeach agus mheasfainn nár mhair an treabhadh seo rófhada.

Táilliúir a bhí i m'athair John agus reathaí cumasach a bhí ann fosta. Bhí an bhuaidh aige i gcuid mhór rásaí i bhFánaid áit ar fhoghlaim sé ceird na táilliúireachta le teaghlach Uí Shiadhail i nDumhach Mór. Bhí ar a thuismitheoirí íoc as an oiliúint seo a fháil. D'fhoghlaim agus chleacht mo dheartháireacha Mícheál agus Jimmy an cheird seo fosta ach fan am a raibh a bprintíseacht curtha isteach acu tháinig cultacha ar an mhargadh sna siopaí a bhí breá saor agus chuir sin deireadh leis an cheird mar a bhí sé. Thosaigh Jimmy ar an iascaireacht agus ansin d'imigh sé go hAlbain áit ar chas sé le agus ar phós sé a chomharsa Treasa Ní Shibhleáin. Chuaigh Mícheál leis an obair thógála agus ba shaor cloiche den scoth a bhí ann. Chaith sé tamall i Sasana agus ar theacht 'na bhaile dó phós sé a chomharsa Hannah Nic Daibhéid. Rinne Donchadh slí beatha dó fhéin sna gardaí agus chaith sé cuid mhaith dá chuid ama ansin ar dhroichead Uí Chonaill ag treorú tráchta. I ndiaidh domh fhéin tréimhsí a chaitheamh ag obair ar shuímh thógála anseo sa bhaile agus thar lear tháinig mé 'na bhaile agus nuair a bhí mé ocht mbliana agus fiche fuair mé post sa státseirbhís. D'oibrigh mé ar fud Chontae Dhún na nGall agus ar feadh tréimhsí fosta i gCo. Liatroma agus i gCo Shligigh. Bhí mé sa phost seo go dtí gur éirigh mé as i Mí Eanáir na bliana 1999. Labhair mé fá dheirfiúracha m'athair in eagrán 45 de Ghuth Ghoill.

Fágadh an teach agus an fheirm ag mo dheartháir Jimmy. Leag sé an seanteach agus thóg sé teach úr de chuid na Comhairle Contae in aice le suíomh an tseantí. Níl fágtha agam anois i gCluain tSaileach ach cuimhní m'óige.

## Teach Uimhir 10. Teach Dhonchaidh Mhic Giolla Bhríde – Donchadh Shéarlaí. ( Muintir Ann).



Níl mé ábalta an tseanmhuintir a thabhairt 'un cuimhne ach tá cuimhne agam ar an chlann –Chéarlaí, Eoin, James, Fanny agus Nellie. Bhí beathach ag Eoin ar feadh tréimhse agus b'eisean a rinne an fheirmeoireacht. D'imigh sé go hAlbain ansin agus pósadh thall é agus chónaigh sé ansin. Bhí Chéarlaí mar fheighlí cúrsa (greenkeeper) ar ghalfchúrsa Ros na Binne ar feadh blianta fada. Phós sé Susan Ní Chuilinn as Dún Dúbháin agus bhí beirt de chlann acu. Is cuimhin liom gur baisteadh duine de na páistí i dTeach Pobail Charraig Airt sa bhliain 1947 nuair a thit sneachta trom. Ar a mbealach 'na bhaile ó Theach a'

Phobail fuair siad fhad le teach Mhary Ellen Sweeney ar an Mhachaire Bhig. Bhí an sneachta comh trom sin gurb éigean dóibh seachtain a chaitheamh tigh Mhic Suibhne sular fhéad siad pilleadh ar an bhaile go Dún Dúbháin. Bhí eitinn go forleathan ar fud na tíre ag an am agus ba seo a thug bás Susan agus a beirt chlainne. Dar ndóigh ba mhór an briseadh croí a bhí anseo do Shéarlaí. Ghoill seo go mór air agus d'imigh sé go Meiriceá, áit a bhfuair sé bás blianta ina dhiaidh sin.

Chuaigh a dhá dheirfiúr go dtí na Stáit Aontaithe fosta. Nuair a d'imigh Chéarlaí go dtí na Stáit Aontaithe d'fhág sé an asal a bhí aige agamsa. Cha raibh mórán úsáide agamsa don asal agus an chéad uair eile a bhí aonach ar an Chraoslach, d'imigh mé a mharcaíocht uirthi go haonach an Chraoslaigh, shroich mé láthair an aonaigh thart fan deich a chlog. Bhí sé socraithe agam go n-iarrfainn cúig scilling déag ar an asal. Thairg Francie Langan, déileálaí eallach, dhá scilling déag agus sé pingine domh uirthi. ( Caithfear cuimhne go raibh 20/s sa phunt ag an am sin). Cha ndéanfadh sé an difríocht ar an luach a roinnt liom agus choinnigh sé ceannaitheoirí eile ar shiúl uaim. I dtrátha a ceathair a chlog bhí mé dubh dóite den dóigh a raibh rudaí ag titim amach agus léim mé ar an asal agus ar shiúl liom léithe ar ais na bhaile. Bhí mo dhá láirc spréite go maith lá arna mhárach agus leoga ar feadh seachtaine 'na dhiaidh sin. Cúpla lá ina dhiaidh sin dhíol m'athair an asal le Pat Harvey, fear siúl, agus thug sé punt do m'athair ar an asal.

James Ann, a bhean agus a chlann a tháinig a chónaí sa teach nuair a d'imigh Chéarlaí go Meiriceá. Saor báid a bhí i James a d'oibrigh i mbádchlós Mhíobhaigh ar feadh blianta. Bhí a mhac Dinis ina bhall de na gardaí ach ar an drochuair fuair sé bás roinnt blianta ó shin. Tá a bhean, Carmel, agus a clann ina gcónaí sa teach anois.

**Teach Uimhir 11. Brianaí Mac Giolla Bhríde. (Brianaí Thuathail).**

Bhí Brianaí pósta ar Bhiddy Boyce as Dún Dúbháin. Bhí seachtar clainne acu, ceathrar gasúr agus triúr girseach – Manás, John, Tony agus Dinis (fuair sé bás ina fhear óg), Madgie, Bridget agus Treasa. D'fhág na girseachaí uilig an baile luath ina saol agus níl eolas ar bith agam orthusan. Ina óige d'oibrigh Brianaí i nGlaschú áit ar fhoghlaim sé scil ina dtiocfadh leis leacáin dín a iompar i bhfráma ar bharr a chloiginn. Thiocfadh leis buicéad lán de phrátaí a iompar ar a chloigeann óna gharraí os cionn reilig Mhíobhaigh suas an mhalaigh ghéar sin go dtína theach cónaí. Bhí beathach agus carr cliathánach (jaunting car) aige nuair nach raibh carranna ar bith fan áit. Bhíodh an carr cliathánach páirceáilte ag 'geafta an chairr', tá an geafta seo ar thaobh an bhealaigh mhóir agus is geafta an chairr a bhéarann muid ar an áit seo go fóill. D'oibrigh a mhac John i Falkirk in Albain, áit ar oibrigh cuid mhaith de bhunadh na háite ann, mé fhéin san áireamh.

Gabha a bhí i Mánas agus ba thall i nGlinsce i bhFánaid a fuair sé oiliúint ar a

cheird. Bhí a cheárta aige faoin teach. Ba mhinic a d'oibrigh mé na boilg mhóra dó a bhéarfadh craos de thine duit leis an iarann a théamh. Ba mhaslach an obair a bhí ann in amanna ag iarraidh cruitheacha a chur ar bheithigh a bhí ag dul leath ar mire. Ba ghnách leis a dhul go Falkirk ó am go ham agus bhí an bheirt againn ag stopadh sa bhothán chéanna, bhí sé cosúil le bheith sa bhaile mar go raibh an oiread sin de bhunadh na háite ag stopadh ann. Ba mhinic a bhí amanna ann a mbíodh muid ar an ghannchuid agus a mbíodh anás agus léan go leor, sin go minic de thairbhe anró an Gheimhridh. Cha dtiocfadh liom dearmad a dhéanamh de Mhánas mar gurb é an t-aon duine acu ina measc ar fad a chuireadh ceist orm an raibh mé gann in airgead. Phós sé ina dhiaidh sin bean as Iorras in aice le Cluain Máine. Fuair Mánas bás ar thaobh an chnoic os cionn Iorrais.

Bhí siopa beaga grósaera ag a dheartháir Tony in aice leis an teach s'againne agus bhí tacsaí aige mar a bhí ag a dheartháir. Fágadh an teach agus an fheirm ag neacht (niece) leo, Bidí Rua. ( Nic Giolla Chearra). Dhíol sí an teach agus an chuid is mó den talamh le tógálaí. Leagadh an teach agus tógadh tithe saoire ar an talamh. Fuair Bidí bás sa 'Lakehouse' i bPort na Bláiche.



## Teach Uimhir 12. Aindí Rua Mac Giolla Bhríde.

Teach seomra amháin ar a raibh ceann tuí ab ea teach Aindí Rua. Nuair a bhí Aindí óg thit sé de bheathach thíos ar an Mheall Mhór, cuireadh amach a ghualainn agus de thairbhe seo fágadh drochbhail air agus a dhroim cromtha go holc i rith a shaoil. Bhí cár thar a bheith láidir fiacla aige agus thiocfadh leis, ar an chéad phlaic, gearradh fríd rópa tiubh a d'úsáidfeadh tuíodóir (thatcher).

Bhí sé ar chriú bád a chuaigh go Port a Bhogaigh am amháin, an dara lá déag de Iúil a bhí ann. Bhí siad istigh i dteach leanna agus tháinig an tOráisteach mór seo isteach. Cibé a dúirt Aindí leis thóg sé Aindí den talamh suas os a cheann agus bhí sé chun é a chaitheamh síos ar an urlár, ach ar dhóigh inteacht d'éirigh le hAindí ordóg an fhir mhóir a fháil idir a chuid fiacla agus bhí an phian comh fíochmhar sin gur thit an fear mór i laige. Thug Aindí agus an chuid eile den chriú aghaidh ar an bhád agus ar shiúl leo 'na farraige. Char lean duine ar bith iad ar aon nós!

Bhí dúil mhór ag Aindí sa gharraíodóireacht agus bhí úlla agus torthaí de chineálacha eile aige. B'iomaí uair thaitneamhach a chaith mé i dteach Aindí. Fágadh an teach agus an talamh ag a nia (nephew) John Bhrianaí Thuathail (Mac Giolla Bhríde). Cuireadh píosa leis an teach agus is air atá an chuma álainn slachtmhar. Is mór an chreidiúint sin don úinéir úr.

### Teach Uimhir 13. Stephen Jack Mac Giolla Bhríde.



Bhí Stephen pósta ar bhean álainn as Doire a'Chasáin a raibh Nancy Rua uirthi. Chaith Stephen tréimhsí fada dá chuid ama ag guttáil iasc agus ar an dóigh sin thaisteal sé go dtí a lán poirt iascaireacha anseo, i Sasana agus in Albain. Bhí sé i dToraigh fosta. D'inis sé domh gur ghnáth leo an oíche a chaitheamh ag damhsa agus an lá a chaitheamh 'na chodladh. Dúirt sé nach raibh fonn ar bith ar mhuintir Thoraigh go siúlfá 'na bhaile le bean ar bith ón oileán. Nuair a bhí mé mo ghasúr óg ba ghnáth liom an drisiúr a phéinteáil do Nancy agus is iomaí cupa té a thug sí domh. Tá an bheirt acu ar shlí na fírinne anois le fada an lá agus tá drochbhail tagtha ar an teach.

### Teach Uimhir 14. Neidí Ó Gallchóir (Neidí Mhicí).



Bhí Neidí pósta ar Ellen Nic Giolla Bhríde ( Ellen Mhicí John) as Gort na Luchóg. D'oibrigh Neidí tréimhsí thart fá Falkirk in Albain agus chaith sé tréimhse fosta, ina óige, sna póilíní i Londain. Beirt de chlann a bhí ag Ellen agus Neidí, sin Paidí agus Máire ach tá Paidí anois ar shlí na fírinne le cúpla bliain. Bhí mé fhéin agus Paidí ar an scoil le chéile. Bhí Ellen, máthair Phaidí ina bean gheal-gháireach agus ba ghnáth liom bualadh isteach achan lá mar gur thaitin a gcuideachta liom. Macasamhail mórán Éireannach bhain Paidí triail as a lán rudaí le cúpla punt a dhéanamh. Chaith sé tréimhsí ama fá Albain fosta áit a raibh a ghnó fhéin aige. Ba mhór an suim a bhí aige sa ghalf agus ba ghnáth leis tréimhsí a chaitheamh ar ghalfchúrsas Ros na Binne ag tabhairt cleachtaithe agus ceachtanna do ghailféirí. Chaith a dheirfiúr Máire páirt mhaith dá saol i Chicago. Bhí Paidí anseo fosta agus ba anseo a chas sé lena bhean chéile Bernadette. Bhí ceathrar clainne acu Éamonn, Liam, P.J. agus Máire. Bhí suim mhór ag Paidí i gcónaí i gcaranna seanré (vintage) agus choinnigh sé iad i ngaráiste mór thíos ar an Mheall Mhór. Tá a mhac P.J. a chaith a shaol in Aerfhórsa na Stáit Aontaithe sa bhaile anois. Tá Máire éirithe as a cuid oibre anois agus cónaí uirthi i Leitir Ceanainn.

### Teach Uimhir 15. Donchadh, Máire Mhór agus Bríd John Pheigí. (Mac Giolla Bhríde).



Teach beag ceann tuí ina raibh dhá sheomra a bhí sa teach seo.Bhí an triúr i ndrochshláinte agus measartha sean. Bhí sé mar chliú ar Dhonchadh gur shnámhóir láidir a bhí ann ina óige. Beirt de theaghlach a bhí ag Donchadh agus Máire-- Neidí agus Annie. Pósadh Annie ar Neidí Mac Lochlainn ( Neidí Jimmí Brown) as Gort na Luchóg agus bhí cúigear

de theaghlach acu – Bidí, Donchadh, Jimmí, Máire agus Neidí. Bhí Jimmí pósta i nGaillimh áit a raibh sé ina gharda; bhí Bidí pósta ar Johnny Mac Rodaigh as Tír Lochán agus bhí cónai orthu i Leargán Riach áit a raibh clann mhór acu, tá Bidí agus Johnny ar shlí na fírinne anois le traidhfil maith blianta; phós Máire meicneoir gluaisteán as an Chraoslach agus tá cónaí orthu sna Tuatha; tá Donchadh agus a bhean Máire pósta ar an Chloich Bháin áit a raibh clann mhór acu fosta, tá duine de na mic, Éamonn, ina shagart amuigh sa Róimh; Char phlós Neidí agus tá cónaí airsean i Leargain Riach. Bhí aois mhór ag Annie nuair a fuair sí bás, cúpla mí goirid den chéad. Chuaigh a dearthái r Neidí go hAlbain áit ar phós sé agus ar chaith sé a shaol. Tá an seanteach druidte anois le fada an lá.

**Teach Uimhir 16. James Ó Gallchóir/ James Mhicí.**



Bhí James pósta ar Sophie Ní Shibhleáin (Sophie Pharthalán) as an Ghlíob. Ochtar clainne a bhí acu, cúigear gasúr agus triúr níonach. Rinne James tréimhse iascaireachta le m'athair mór. Bhí sé fhéin agus cuid den chlann ag baint mhónadh fá Mhianach Umha, seo portach atá tuairim is ceithre nó cúig mhíle suas ó shráid-bhaile an Ghleanna. Shiúil siad an bealach go dtí'n portach agus ansin chuir siad suas puball (tent) de chineál éigin agus d'fhan ansin ceithre nó cúig de laetha go dtí raibh a gcuid oibre déanta.

D'oibrigh duine de na gasúraí, Hughie Rua, ar ghalfchúrsa Ros na Binne ar feadh na mblianta.Chuaigh mac eile leo a raibh Paidí air agus Dinis Ó Gallchóir as an Ghlíob go dtí Móin Alúine (Bog of Allen) le hoibriú le móin ach cha deachaigh rudaí go rómhaith dóbhtha. Shiúil an bheirt acu 'na bhaile, cha raibh an t-airgead acu le híoc as an chóras taistil. D'oibrigh an níon Bella in Óstlann na Trá agus in Óstlann Ros na Binne ar feadh blianta fada, cha raibh Bella pósta. Phós Sophia fear as Fánaid agus chuaigh sí a chónaí ansin. D'fhan Bidí, a bhí i ndrochshláinte, sa bhaile. Thug Johnny agus Jim aghaidh ar Shasana, fuair Johnny bás thall agus fuair Jim bás sa bhaile roinnt blianta ina dhiaidh sin . Díoladh an teach.



# EACHTRA AR AN TEORAINN

Chuir bás Paidí Dawson as Leitir Ceanainn, ansin le goirid, eachtra im chuimhne a tharla cóngarach don teorainn blianta fada ó shin. Ba seo sa bhliain 1960 le linn fheachtas teorann an IRA 1956/1962 a bheith faoi lánseol. Le linn an fheachtais sin bhí óglaigh an IRA ag díriú a gcuid ionsaithe ar fhoirgnimh agus ar áiteacha sna Sé Chontae agus ansin ag déanamh a mbealach trasna na teorann chuig tithe sábháilte sa Phoblacht. Baineann eachtra acu seo le teach sábháilte dá leithéid. Ag an am seo bhí na céadta garda sna stáisiúin in aice na teorann agus bhíodh seicphointí acu gan choinne, go háirithe san oíche.

Tá an scéal seo fá scoil in aice na teorann. Ag an am sin shiúil páistí 'na scoile agus ar an mhaidin áirithe seo shroich clann, ina raibh triúr páiste, an scoil go luath. Fad agus bhí siad thart fan scoil, ag fanacht leis na múinteoirí a theacht, mhaígh siad go bhfaca siad triúr fear ag dul amach fuinneog cheann de na seomraí ranga agus gur rith siad trasna na bpáirceanna. Ba ábhar mór cainte a bhí ann ag an am ach láimhseáil an príomhoide é ar nós cuma liom agus cha raibh seo cosúil leis. Rinne sé ábhar magaidh den eachtra ag rá go raibh cóisir ag na taibhsí agus go raibh cuid de na táblaí agus na cathaoireacha ag snámh thart fan tseomra ranga. Chan fear a bhí ann a bhí tugtha don ghreann. Bhí mé fhéin i gcónaí amhrasach go raibh rud inteacht aisteach ar siúl.

Leathchéad bliain ina dhiaidh sin casadh Paidí Dawson orm i Leitir Ceanainn lá amháin. Bhí fhios agam go raibh Paidí gníomhach san fheachtas sin agus leoga go raibh sé i ngéibheann ag deireadh na gcaogadaí. D'fhiafraigh mé do Phaidí an raibh Scoil X ina theach sábháilte, ag an am sin, do na hóglaigh a bhí ar a dteitheadh. Char chuir Paidí fiacal ann 'You're dead right' ar seisean. Ba sin rúndiamhair leathchéad bliain réitithe domhsa. Chuir sé mé ag machnamh go mbfhéidir go raibh an príomhoide a bhí i gceist sa bhád chéanna leis na hóglaigh!

Tá súil agam go bhfuil teach sábháilte faighte ag Paidí agus a chomrádaithe anois sa saol eile, áit nach gcuirfidh páistí callánacha isteach orthu a thuilleadh agus nach mbeidh orthu theacht amach fuinneoga ar bith eile.

Ar dheis Dé go raibh a n-anamacha dílse.

# Muintir Frank

## Teaghlach Uí Bhuaighe as Dumhaigh

Tá muid ag dul ar ais go Dumhaigh uair eile le hamharc ar theaghlach a bhfuil aithne leithéideach orthu agus a bhfuil a gcuid craobhacha scaipthe acu i ngar is i gcéin, ó chur siad futhú i nDúmhaigh, déarfainn, corradh agus dhá chéad bliain ó shin, sin teaghlach Uí Bhuaighe nó Muintir Frank mar is fearr aithne orthu. Dar ndóigh níl sé ach traidhfil blianta ó bhí fear den bhunadh sin, Pilib Ó Buaigh, ina Easpag ar dheoise Rath Bhotha; beidh muid ag tabhairt ruaig siar ar a shaol níos moille san alt seo.

Nuair a théann tú siar ar shloinneadh ar bith sa tír seo tá sé de mhíbhuntáiste agus de mhí-ádh mór orainn nach bhfuil mórán de na daonáirimh (census) a rinneadh sa tír seo sa naoú haois déag (19th century) le fáil anois. Rinneadh an chéad daonáireamh sa bhhliain 1821 agus tosaíodh a ndéanamh achan deich mbliana as sin ar aghaidh. Milleadh cuid acu go luath i ndiaidh don eolas a bheith bailithe uafa; rinneadh laíon (pulp) de chuid eile acu ag tús an Chéad Chogaidh mar go raibh ganntanas páipéir sa Bhreatain ach rinneadh an damáiste ba thromchúisí de na cáipéisí seo nuair a dódh an chuid is mó acu sna Ceithre Cúirteanna, tharla sin nuair a cuireadh an foirgneamh seo ar thine go luath i ndiaidh tús a bheith curtha leis an Chogadh Cathartha (Civil War) i 1922. Tá an t-ádh orainn go bhfuil an daonáireamh ón bhliain 1901 agus ón bhliain 1911 slán go hiomlán againn.

Thosaigh **Griffith's Valuation** i gCo Dhún na nGall sa bhliain 1857. Tugann Griffith Valuation eolas dúinn faoi na daoine a raibh talamh agus tithe acu in achan pharóiste sa Chontae ag an am seo. Mar sin de thig eolas a fháil anseo ar na sloinnte a bhí sna bailte fearainn in achan pharóiste. Lena chois sin thig amharc sna **'Tithe Applotment Books' 1827**. Bhí ar fhear ar bith a raibh píosa de thalamh curadóireachta (arable land) aige 'tithe' nó cíos a íoc leis an Eaglais Phrotastúnach san am sin. Bhí an cíos seo chun cuidiú leis an Eaglais Phrotastúnach a gcuid ministrí a íoc agus a choinneáil agus bhí ar Chaitlicigh an cíos seo a íoc comh maith le Protastúnaigh. Ansin athraíodh an riail agus bhí ar dhaoine a raibh píosa talaimh de chineál ar bith acu an cíos seo a íoc. Cuireadh deireadh leis an chíos seo sa bhliain 1838. Sna 'Applotment Books 1827' tá liosta d'ainmneacha na ndaoine, a raibh píosa talaimh acu agus a raibh orthu an cíos seo a íoc, cláraithe, ach ar an drochuair, cosúil leis an Griffith Valuation, níl aon eolas breise tugtha faoi na teaghlaigh seo. Cé go bhfuil teorainn leis an méid eolais atá sa Griffith Valuation agus sna Applotment Books is maith ann iad.

Ach, tá an t-eolas a thagann anuas chugainn ó ghlún go glún, má tá sé ar fáil, níos fearr ná aon taifead agus go minic bíonn sé níos cruinne.

An Sloinneadh Ó Buaigh i bParóiste Mhíobhaigh.

Applotment Books 1827:

**Uachtar Ros Goill:** Má théann tú fríd na bailte fearainn sna 'Applotment Books' 1827 tchífidh tú go bhfuil 35 teaghlach leis an sloinneadh Ó Buaigh i bParóiste Mhíobhaigh. Ba i dTulach a bhí bunús na dteaghlach seo, 22 teaghlach ar fad. Bhí 13 teaghlach, leis an sloinneadh seo, sa chuid eile de na bailte fearainn san Uachtar.

**Íochtar Ros Goill:** Cha raibh ach teaghlach amháin leis an sloinneadh sin san Íochtar agus ba sin i nDumhaigh, fear a raibh James Boyce air. Cha raibh an Ghléib san áireamh sa chuntas seo mar gurb leis an Eaglais Phrotastúnach an Ghléib. Dá mbeadh sé san áireamh is dócha go mbeadh ainm Éamonn Ó Buaigh (athair mór Mhici Rua) le fáil anseo.

Mar sin de, de réir na 'Applotment Books', cha raibh ach an dá theaghlach leis an sloinneadh Ó Buaigh san Íochtar 1827, James Ó Buaigh i nDumhaigh agus Éamon Ó Buaigh ar an Ghléib.

Griffith Valuation 1858:

Uachtar Ros Goill.

Triocha bliain ina dhiaidh sin thig linn amharc ar an Griffith Valuation agus bheifeá ag súil go mbeadh méadú ag teacht ar líon na dteaghlach mar go mbeadh glún eile ag teacht 'un tosaigh agus ag pósadh agus sin mar a bhí sé. Sa bhliain sin bhí 58 teaghlach den sloinneadh sin sa pharóiste. **Bhí 27 teaghlach anois i dTulach agus 27 teaghlach sna bailte fearainn eile san Uachtar.**

**Íochtar Ros Goill**: In Íochtar Ros Goill **tá 4 theaghlach de mhuintir Uí Bhuaighe sa bhliain 1858 .** Tá **Frank Ó Buaigh i nDumhaigh** ( is dócha gur seo mac le James Ó Buaigh, (Applot. 1827); Tá **Pádraig Ó Buaigh ar an Ghléib** (seo mac le hÉamonn, Applot. 1827 agus athair mór le Paidí Mhicí Rua); Tá **Tuathal Ó Buaigh ar an Ghléib fosta** agus teach glactha aige ar cíos ó Thuathal Ó Dubhthaigh (athair John Thuathal Mór), níl talamh ar bith aige; **i nDún Dúbháin tá Eoin Ó Buaigh (John Boyce).**

**Báthadh:** Cailleadh Paidí Ua Buaigh agus a mhac Frank i mBáigh Thráigh na Rosann ar an dara lá de Lúnasa 1894, le linn dóbhtha bheith ag iascaireacht gliomach. Cha raibh Frank ach seacht mbliana déag. Bhí Paidi pósta ar Sally Nic Giolla Bhríde (Sally Dhónail) as Dún Dúbháin agus bhí an chloigeann déag de chlann acu. **D'fhéadfadhse go raibh Paidí ina mhac ag Eoin Ó Buaigh** (Griff. Val.1858) ach cha dtig a bheith cinnte fá seo mar, mar a dúirt mé, níl sonraí teaghlaigh luaite leis na 'Applotment Books' ná leis an 'Griffith Valuation'. Lena chois sin bhí **Biddí Ní Bhuaigh nó Biddí Boyc pósta i nDún Dúbháin** fosta ar Mhánas Mac Giolla Bhríde. An níon le hEoghan Ó Buaigh a bhí intí nó an as

Dumhaigh a tháinig sí?

Tá an tuairim ann gur as Tulach a tháinig muintir Uí Bhuaigh go hÍochtar Ros Goill ar dtús agus d'fhéadfadh seo a bheith fíor de thairbhe comh coitianta agus a bhí an sloinneadh i dTulach ach níl cinnteacht ar bith fá seo ach oiread. Ach má chreideann muid an méid atá sna taifid – 'Applotment Books 1827' caithfear glacadh leis gur ar an Ghléib agus i nDumhaigh a bhí na chéad teaghlaigh den tsloinneadh seo le fáil ar dtús.

## Frank Ó Buaidhe. (1821) agus Gracie Nic Giolla Bhríde (1825)

Tá teach mhuinitir Frank ansin go fóill i nDumhaigh, cé nach bhfuil cónaí ar bith a dhéanamh ann anois. Tchífidh tú é suite ar thaobh na láimhe deise, thuas ar an ard ón bhealach mhór agus tú ar an bhealach ó Mhalaigh 'n Droma síos go dtí an tSeanbhaile. Tá sé suite istigh go seascair idir teach mhuintir Eoin agus teach Aindí Hughie. Thig a shamhlú gur tithe ceanntuí a bhí sna tithe seo nuair a tógadh iad ach cuireadh bail orthu nuair a thosaigh an Rialtas ag tabhairt isteach scéimeanna le cuidiú le daoine a gcuid tithe a fheabhsú. I gceann de na scéimeanna seo bhí ort cró cearc a thógáil mar chuid den obair sa dóigh go gcáileofá don deontas. Creid nó ná creid!

Ba ar imeall na trá a thóg na chéad teaghlaigh a rinne cónaí i nDumhaigh a gcuid tithe. Ansin ina dhiaidh sin nuair a tosaíodh ar thithe úra a thógáil, tógadh iad níos faide ar shiúl ón tráigh. Tugadh 'na tithe úra' ar na tithe seo agus an Seanbhaile ar an chuid den bhaile a bhí in aice na mara.

Cha raibh cónaí ar bith i dteach Frank anois ó fuair an bheirt dheireanach a rinne cónaí ann bás, ba sin na dearthaireacha John agus Pádraig Frank; fuair siad bás i 1990. D'fhan an t-ainm Frank leis an teaghlach seo ó rugadh Frank 1821 – sin chóir a bheith dhá chéad bliain ó shin, agus cosúil le cuid mhaith teaghlach eile ba dhóigh iontach éifeachtach a bhí ann le teaghlaigh a raibh an sloinneadh céanna acu a aithint ó chéile. **Bhí Frank pósta ar Ghracie Nic Giolla Bhríde as an Chorrach** agus rugadh dhá chloigeann déag de chlann dóbhtha, seachtar mac agus cúigear níonach ach fuair duine de na girseachaí bás óg: **Jamie, Frank, Tuathal, Chéarlaí, Muiris, John (1859—1941), agus Pádraig (1874 -1952) agus ar na girseachaí bhí Cití, Máire(1875), Annie (1870) agus Bidí (1854).**

An Chlann:

**Níl eolas ar bith againn fá thriúr acu, sin Muiris, Cití ná Máire.**

**James (Jamie):** D'imigh Jamie go Meiriceá. Bhí mac aige, Ignatus, a bhi ina shagart.



**An tAth. Ignatius Ó Buaigh, mac le James Frank, amuigh i Meiriceá.**

**Frank:** Bhí Frank pósta ar dhuine de mhuintir Uí Dhochartaigh as an Uachtar.

**Chéarlaí:** Chuaigh Chéarlaí go hAlbain, áit ar pósadh é. Ba ghnáth leis a theacht 'na bhaile ar laetha saoire.


**Tuathal**: Chuaigh Tuathal go hAlbain áit ar oibrigh sé ar na bóithre iarainn. Ach ar an drochuair bhain drochthaisme dó, loiteadh go holc sa chloigeann é agus cha dearn sé a dhath maith ní ba mhó ina dhiaidh sin.

**Annie:** Bhí Annie pósta i nDumhaigh ar John Ua Siadhail ( John Tarry) agus bhí seachtar clainne acu ach fuair beirt acu bás óg. Bhí ceathrar girseach: Sophie (1892), Margery (1898), Máire(1900), agus Gracie (1903) agus gasúr amháin, sin Chéarlaí (1906).

**Bidí:** Bhí Bidí pósta ar Mharcas Mac Laifeartaigh (Bhoy) ar an Bhaile Úr agus bhí ochtar clainne acu, ceathrar girseach: Máire, Gracie (1891--1944), Cití (1894), agus Nóra (1889—1962), agus ceathrar gasúr: Frank (1885—1955), Mark (1896), John (1883—1957),Barney (1887).


## John Ó Buaidhe ( John Frank) agus a Chlann.

Amach as an dá chloigeann déag de theaghlach ba John, a rugadh sa bhliain 1859 a bhí fágtha sa teach. Phós sé Máire Ní Dhubhaigh nó Máire Chonchúr Rua as Baile 'n tSléibhe sa bhliain 1892. Bhí naonúr clainne acu, cúigear mac agus




Sa phictiúr seo tá John Frank agus a bhean Máire Ni Dhubhaigh (Máire Chonchúr Rua), tá siad ina seasamh 'un tosaigh ar chlé. Tá cúigear dá gclann sa phictiúr fosta, tá Pádraig, John agus Frank sa line cúl ó chlé agus sa line tosaigh, an 4ú agus an 5ú duine ó chlé tá níon le John Frank, sin Bidí ( a bhí pósta ar Jimmy Antoin) agus a mhac Nochaí. Ina sheasamh ar dheis in aice le Nochaí tá Jimmy Antoin (fear céile Bhidí). Istigh sa line cúil idir John agus Frank tá Madgie Ned,( bhi sí pósta ar Neety Mac Laifeartaigh) sin níon Nochaí. 'Sé an tAth. Pilib Ó Buaidhe, mac le Pádraig Frank ( athair mór an Easpaig) atá ina sheasamh i lár an chéad line.

ceathrar níonach: **Nochaí (Conchúr) (1895),Frank (1898), Den (1900), John (1911), Pádraig (1915) agus na girseachaí: Gracie (1893), Hannah (1903), Biddy (1906), Máire (1908).**Fuair John bás sa bhliain 1941 agus a bhean Máire sa bhliain 1953.




Nochaí Frank

Cosúil le lear sloinnte eile fágadh amuigh glún as an ainm fosta agus in áit a bheith ag rá, Nochaí John Frank fágadh amuigh an John agus fágadh an t-ainm mar Nochaí Frank. Tá sé mar an gcéanna le hainmneacha eile an teaghlaigh.



Pat

**Nochaí (John) Frank:** Chaith Nochaí tréimhse ag iascaireacht, seo le linn don iascaireacht mhór a bheith ar siúl sna Dúnaibh, go luath san 20ú aois. De réir Pat Conaghan ina leabhar 'Zulu Fisherman' bhí Nochaí ar dhuine den chriú a ghlac seilbh ar an bhád iascaireachta an 'St.Winifred' an 3ú Deireadh Fómhair 1914. Ach nuair a thit an tóin as tionscal na hiascaireachta bhí ar dhaoine a dhul ag lorg oibre, sin nó a dhul ar imirce, rud a rinne cuid mhór daoine. Ach fuair Nochaí post le Comhairle Contae Dhún na nGall agus chaith sé blianta fada ag obair leo. Bhí Nochaí pósta ar Bhidí Ní Shiadhail (1897—1964) agus bhí seisear clainne acu, triúr gasúr agus triúr girseach: **Pat** (1924). Bhí Pat ina gharda. Chaith sé tréimhsí mar gharda in áiteacha éagsúla sa Chontae ach ba i nGaoth Dobhair, áit a raibh ardmheas air, a chaith sé an tréimhse ab fhaide, fiche bliain. Bhí sé tréimhse ar an Chlochán Liath fosta go dtí gur éirigh sé as sa bhliain 1977. Cha raibh Pat pósta agus fuair sé bás 2006. **Ned** (1926). Chuaigh Ned go Londain, tá sé pósta thall ansin agus triúr clainne aige. **John** (1938). Bhí John ar an duine ab óige den chlann agus múinteoir scoile a bhí ann. Chríochnaigh sé a shaol múinteoireachta mar phríomhoide i scoil an Tearmainn áit ar chaith sé naoi mbliana déag. Pósadh John ar Tessie Ní Chinnéide agus bhí cúigear clainne acu. Ar an drochuair fuair beirt de na gasúraí, Rónán agus Gareth, bás ina bhfir óga, crois a bhí thar a bheith trom ar John agus ar Tessie. **Madgie** (1920): Múinteoir scoile a bhí in Madgie fosta. Chaith sí tréimhse ag teagasc i gCo.Mhuineacháin, i gCarraic agus an chuid eile dá saol múinteoireachta i Scoil Dhoire a'



John & a dheartháir Ned



Madgie

Chasáin. Pósadh í ar Neety Mac Laifeartaigh agus bhí mac amháin acu, Hugo. Cha raibh Madgie ach 58 bliain d'aois nuair a fuair sí bás sa bhliain 1979. **Máire** (1923): Chaith Máire a saol fan bhaile. Cha raibh Máire pósta. Fuair sí bás Deireadh Fómhair 2004. **Nóra** (1933). Chaith Nóra páirt mhaith dá saol ag obair mar bhainistréas (manageress) sa Fort Royal i Ráth Maoláin. Tá Nóra ina cónaí sna Dúnaibh. Fuair Nochaí bás sa bhliain 1972 agus a bhean Bidí 1964.

**John, Frank, Den, agus Pádraig** a bhí ar an chuid eile de na mic a bhí ag **John Frank agus ag Máire Chonchúir Rua.** Chuaigh Den go Meiriceá, áit a raibh sé pósta ach cha raibh clann ar bith aige. Chaith Frank agus Pádraig a gcuid ama idir Albain agus an baile ach bhí John in Albain bunús an ama. D'fhan Pádraig fan bhaile ansin áit a raibh caoirigh agus stoc aige. Bhí Frank anonn agus anall go hAlbain ach ansin nuair a thosaigh an goile a thabhairt buairimh do d'fhan sé sa bhaile. Chuaigh sé isteach 'n otharlainne sa deireadh áit a bhfuair sé bás. Ba seo sa bhliain 1959 agus gan é ach bliain agus trí fichid d'aois. Tháinig John, fear a raibh an 'Singer Boyce' mar leasainm air 'na bhaile ag deireadh a shaoil agus chaith sé fhéin agus Pádraig na blianta deireanacha i gcuideachta a chéile sa teach i nDumhaigh. Fuair an bheirt acu bás sa bhliain 1990. Cha raibh Frank, Pádraig ná John pósta.

**Hannah:** Chaith Hannah tréimhse i Meiriceá i gcuideachta a deirféar Bidí. Ach tháinig sí 'na bhaile agus pósadh í ar Phádraig Mac Giolla Bhríde (Paidí Shéarlaí) as Doire 'n Chasáin agus bhí triúr clainne acu, Peigí, Sadie agus Máire. D'imigh Peigí agus Máire go Meiriceá ina ngirseachaí óga áit a bfhuil cónaí orthu go fóill. Múinteoir a bhí i Sadie ach d'éirigh sí as roinnt blianta ó shin. Bhí sí pósta ar Rónán Mac Suibhne ar an Bhaile Áir ach tá Rónán anois ar shlí na fírinne. Fuair Hannah bás gan choinne sa bhliain 1966, cha raibh sí ach trí bliana thar na trí fichid.

**Bidí:** Mar a luaigh mé bhí Bidí agus Hannah i gcuideachta a chéile i Meiriceá. Nuair a tháinig Bidí 'na bhaile pósadh í ar Jimmí Mac Eiteagáin ( Jimmí Antoin)


Máire & Nóra


Pádraig Frank (ar chlé) agus a dhearthair John taobh amuigh dá dteach i nDumhaigh. B'iad an bheirt dheireanach de mhuintir Frank a rinne cónaí sa teach


Den Frank


Seo beirt níonach le John Frank, Bidí (Mhic Eiteagáin) agus Hanna (Mhic Giolla Bhríde).


Anton, mac le Bidí Frank


Níonacha Hannah; Peigí, Sadie agus Máire

agus bhí mac amháin acu, Anton. Bhí Anton pósta ar Mháire Nic Laifeartaigh (Fina) agus bhí ceathrar clainne acu. Peileadóir den scoth a bhí ann agus d'imir sé don Chontae sna caogadaí. Tá Anton anois ar shlí na fírinne. Bhí saol breá gnoitheach ag Bídí ar an Mhuirleog, áit ar reáchtáil sí teach lóistín do mhic léinn a thagadh anseo ag foghlaim Gaeilge. Fuair Bídí bás 1993.


Seo Máire Frank, a bhí pósta ar Donie Mac Giolla Bhríde agus ina cuideachta tá cuid de na scoláirí a choinnigh sí le Gaeilge a fhoghlaim.

**Máire:** D'oibrigh Máire i monarchan cniotála sna Dúnaibh ar feadh tamall fada. Ba seo monarchan cniotála a chur Bridget Ní Ghallchóir (máthair an Easpaig) ar bun sular pósadh í. Bhí Máire pósta ar an Mhuirleog ar Donie Mac Giolla Bhríde agus bhí mac amháin acu, Danny. Chaith Danny a shaol mar gharda, d'oibrigh sé i mBaile an Mhóta, Co.Shligigh; Cionn Locha, Co.Liatroma; ar an Chlochán Liath; An Dúchoraidh agus ocht mbliana déag ar an Fhál Carrach, áit ar éirigh sé as sa bhliain 2003.Tá Danny pósta ar Rosemary Duffy agus cónaí orthu ar an Mhuirleog. Cosúil lena deirfiúr Bidí choinnigh Máire mic léinn fosta a bhíodh ag foghlaim Gaeilge. Fuair Máire bás i 1983.


An Garda Dónal Mac Giolla Bhríde

**Gracie:** Bhí Gracie ar an duine ba sine den chlann. Bhí sí pósta i gCluain tSaileach ar Dhónal Mac Daibhéid ( Dónal Shéarlaí Phaidí). Bhí naonúr clainne acu. (Amharc ar eagrán 47 de Ghuth Ghoill)


Gracie Frank

## Pádraig Ó Buaigh (Pádraig Frank) 1874 -1952.



**Seo Pádraig Ó Buaigh, ( Pádraig Frank) athair mór an Easpaig.**

'Sé Pádraig a bhí ina athair ag Joe Ó Buaigh (Joe Boyce) agus ina athair mór ag an Easpag Pilib Ó Buaigh. D'imigh Pádraig go hAlbain nuair a bhí sé ocht nó naoi mbliana déag, go díreach mar a rinne na sluaite de bhunadh na háite le linn na mblianta sin. Ba bhealach éalaithe a bhí ann dóbhtha sin a bhí ag iarraidh éalú ó anás, léan agus leatrom an cheantair. D'imigh siad sa tóir ar shaol níos fearr, cuid acu fuair siad sin agus, leoga, fágadh go leor acu ar an ghannchuid agus ar an tráigh fholamh fosta. Chaith sé tréimhse ag obair ar an bhóthar iarainn mar a rinne cuid mhaith de bhunadh na háite a chuaigh anonn ag an am sin, Bhí na línte iarnróide a leagan in Albain le linn na mblianta sin.



**Cuid de na mná a bhí ag obair sa mhonarchan cniotála le Bridget: Tá Máire Frank, a bhi pósta ar Donie Mac Giolla Bhríde ar an chéad duine ar cúl ó chlé agus tá Máire John Eoin a bhí pósta ar Chéarlaí Carr ar an tríú duine ó chlé sa line tosaigh.**

Ba ghnách le Pádraig a theacht 'na bhaile go rialta ar a chuid laetha saoire. Ba i nGlaschú a casadh Máire Nic Giolla Chomhaill (Mary Coyle) dó, bean as an Dromainn atá in aice le Donemana i gCo. Thír Eoghain agus pósadh iad sa bhliain 1899. Cúigear clainne a bhí acu ach fuair beirt acu bás ina naíonáin agus ar an triúr a bhí fágtha bhí: Gracie (1901—1987), Joe (1903—1985) agus Philip (1905—1983). Ar chuairt 'na bhaile dó sa bhliain 1952 fuair Pádraig niúmóine ar bhád Dhoire agus ba seo a thug a bhás. Múinteoir scoile ab ea a níon Gracie agus ba í a scríobh an t-amhrán imirce áitiúil sin, 'Dooey Grá mo Chroí'. Cé gur rugadh agus gur tógadh Gracie i nGlaschú thuig sí an grá a bhí ag a hathair don cheantar inár rugadh é agus scríobh sí na focla amhail is gur a hathair a bhí a scríobh. Cha raibh Gracie pósta agus chaith sí a saol ag teagasc i nGlaschú, áit a bhfuair sí bás i mí na Samhna 1987.



**Seo Gracie aintín an Easpaig. Ba dheirfiúr le Joe Boyce a bhí in Gracie. Ise a scríobh 'Dooey Grá Mo Chroí'.**

Ba shagart a bhí in Philip agus ba i nGlaschú a chaith sé a shaol mar shagart. Rinneadh é a oirniú sa Róimh 1931. Ba ghnáth leis a theacht go Dumhaigh agus 'na nDúnaibh chuig a dhearthháir Joe ar laethanta saoire. Fuair sé bás sa bhliain 1983.



Joe agus Bridget, ar la a bpósta.



Pilib, Joseph agus Máirín ina bpáistí.

## Joe Ó Buaigh agus a bhean Bridget.

Ba ghnách le Joe a chuid laetha saoire a chaitheamh fan cheantar agus ar cheann de na cuairteanna seo casadh a bhean chéile Bridget dó. B'as Ráth Maoláin do Bhridget ach bhí aithne mhaith aici ar na Dúnaibh fan am ar chas sí le Joe. Seo bean ina raibh acmhainneacht agus ábaltacht agus leoga thiocfaí a rá gur fhiontraí ('entrepraneur') ceart a bhí inti. Chuir Bridget iarratas isteach chuig an Rialtas ar scéim a bhí siad ag reáchtáil le cuidiú le daoine tús a chur lena ngnó fhéin. Mar thoradh ar seo bhí uirthi Ráth Maoláin a fhágáil agus aghaidh a thabhairt ar Ballydehob i gCo Chorcaigh, áit a raibh oiliúint agus traenáil a chur ar fáil le taispeáint do dhaoine an dóigh le hinnill chniotála a úsáid. I ndiaidh a tréimhsé oiliúna shocraigh sí, ar chúis nach bhfuil soiléir ach b'fhéidir go raibh deontais Ghaeltachta le fáil, gur sna Dúnaibh a chuirfeadh sí tús lena gnó. Chuaigh a gnó ó neart go neart agus d'éirígh léithe neart daoine a fhostú. Ba mhná a d'fhostaigh sí mar go raibh an obair chniotála agus an obair chróise fóirsteanach do mhná. Bhíodh cuid mhór cuairteoirí thart i rith an tSamhraidh agus bhuailfeadh siad isteach lena cuid earraí cniotáilte agus cróiseáilte a cheannacht. Bhí bean istigh aici lá amháin agus d'inis sí do Bhridget go bhfaca sí blús cróiseáilte den chineál a bhí aici fhéin, le linn díthe a bheith ar laetha saoire in Kiev, agus nuair a cheistigh sí an bhean seo a raibh an blús uirthi hinsíodh di go bhfuair sí é i mbaile beag in Éirinn darbh ainm na Dúnaibh. Bhí caighdeán na hoibre ag díol a cuid earraí. Bhí teach John Kelly ( an teach a bhfuil Marion Buchanann ann anois) ar cíos aici agus ba seo an áit a raibh na hinnill aici i dtús báire. Duine de na mná a bhí ag obair aici ab ea Máire Nic Giolla Bhríde, (Máire Frank), colceathair le Joe agus b'ise a chur Joe agus Bridget in aithne dá chéile. Roinnt blianta ina dhiaidh seo d'aistrigh siad an t-innealra go dtí an teach atá ar chúl na háite ar ghnáth le hOifig Poist na nDúnaibh a bheith lonnaithe. Pósadh Joe agus Bridget sa bhliain 1937 agus bhí triúr clainne acu, Pilib (1940), Joe (1941) agus Maureen (1943).

Bhí siopa beag ag Cití Nic Eiteagáin (Cití Antoin) os ceann na céidhe agus cheannaigh Joe an siopa uaithi. Ba anseo a shocraigh Joe teach úr agus an siopa a

bheith aige, seo sa bhliain 1950. Bhí an siopa agus cistin bheag ar íochtar agus an áit chónaí thuas staighre comh maith le seomra ina ndearna a mháthair a cuid oibre.



John Ó Buaigh (John Ned) & Joseph & Pilib ina bpáistí ag spraoi ar an tráigh.

Chaith **Joe** páirt mhór dá shaol ag obair sa tsiopa ach cosúil le cuid mhór de na siopaí beaga bhí a ré thart agus druideadh an siopa sna hochtaidí. Fuair Joe post mar mhaoirseoir leis an eagraíocht FÁS. Pósadh é ar Annie Nic Laifeartaigh agus bhí duine amháin clainne acu, sin Pilib. Cha raibh Joe ach 65 nuair a fuair sé bás i mí Eanáir 2006.

Chuaigh Maureen isteach sna mná rialta, ord na Holy Faith Sisters. Chaith sí lear blianta amuigh i gCalifornia ag teagasc. Tá sí anois istigh i gClochar na Holy Faith Sisters i mBaile Átha Cliath. Níl an tsláinte go maith aici anois.

## Óige Pilib.

Rugadh Pilib i 1940. Chaith sé blianta a óige sa teach sin ar chúl Oifig an Phoist agus is cuimhin leis a bheith ag súgradh thart fan teach seo leis an chuid eile den chlann, Joe agus Maureen, agus dar ndóigh ba ón teach seo a chuaigh sé 'na scoile don chéad uair. Bhí eachtra amháin a sheasann amach sna luathbhlianta sin, lá a raibh sé fhéin agus Josie amuigh ar an bhealach mhór ar chúl a' tí. Bhí seisean tuairim is trí cheathrú bealaigh suas an mhalaigh nuair a chuala sé an bhéic ag teacht ina dtreo, bean a bhí ag teacht anuas an mhalaigh ar rothar agus is dócha gur bhuail eagla an bhean bhocht ar fheiceáil di an bheirt pháiste i lár an bhealaigh mhóir. Go hádhúil char leag sí duine ar bith ach reáchtáil sí an rothar isteach sa bhruach ar thaobh an bhealaigh le cuidiú léithe stopadh. Char gortaíodh duine ar bith! Bhí John Ned, Charlie Carr agus na Táilliúirí ina gcónaí i ndeas dóbhtha agus iadsan na cairde a bhí aige le linn a óige. Rinne siad a gcúrsa gailf fhéin; bhí poll acu ar Chnoc Mhánais agus poll eile in aice le binn na ceárta fonsóra. (cooperage). Cha raibh mórán bataí gailf acu eatorra ach nár chuma, b'iontach an caitheamh aimsire a

Cairde Philib ina óige, iad cruinnithe thart fan churach; Padraig Mac Giolla Bhríde (Pádraig a' Táilliúr), Seosamh Ó Buaigh, Pilib, Éamonn Mac Giolla Bhríde (a' Tailliúr), John Mac Giolla Bhríde (a' Táilliúr) RIP.



bhí ann do pháistí—ina seasamh ar Chnoc Mhánais agus an cnag a bhualadh agat comh cruaidh is thiocfadh leat. Rinne siad na gnáth rudaí eile a rinne páistí ag an am fosta – ag cuartú neadracha éan agus thíos ar an tráigh fríd na carraigeacha a bhíonn lán de phoill uisce, áit gur féidir le paistí iontas a dhéanamh den saol beo a bhíonn sna poill uisce seo. Ba ghnách leis a dhul go dtí an chéidh nuair a thiocfadh bádaí iascaireachta isteach agus ba mhinic a fuair sé éisc uafa. Corruair thiocfadh na bádaí bradáin isteach 'na céidhe maidin Dé Domhnaigh agus ba ghnáth leofa daoine a thabhairt 'un Aifrinn go dtí na hArdaí.



**Seo Miss McGill, an bhean a theagasc Pilib i nDoire a' Chasáin**

Ba ghnách leis an chlann a dhul go Newbridge in aice le Ráth Maoláin le linn saoire an tSamhraidh ón scoil, áit a raibh cónaí ar a aintín agus ar a uncail agus is cinnte gur bhain siad sult mór as an saoire seo mar go raibh feirm acu.




**An siopa os cionn na céidhe**

## Ar an Scoil.

Chuaigh sé go Scoil Dhoire a' Chasáin, thaitin an scoil go mór leis. Miss Mc Gill an chéad mhúinteoir a bhí aige, bean as Ard a'Rátha. Bhain sé sásamh as obair na scoile agus char mhothaigh sé go raibh saol na scoile ar dhóigh ar bith leadránach. Bhí Máire Nic Fhionghaile (Máire Mhic Suibhne), Finola Harte, Mícheal Mharcais agus Pádraig Ó Gallchóir (Paidí Simon) sa rang leis. Bhí Miss Mc Gill 'na cónaí tigh Den Coyle agus corruair thiocfadh sí ar cuairt chuig a mháthair. Roinnt blianta ó shin nuair a bhí an cóineartú i mBaile Dhún na nGall chas sé le bean rialta a raibh an sloinneadh Mc Gill uirthi agus nuair a d'fhiafraigh sé di faoi Miss Mc Gill, a mhúinteoir, chuir sí in iúl dó gurb í a haintín a bhí ag teagasc sna Dúnaibh. Cha raibh Gaeilge ar bith ag Pilib nuair a chuaigh sé 'na scoile mar nach



**Buíon Cheoil Ros Goill. Tá Pilib ar a fheadóg, an dara duine ó dheis sa chéad líne.**

raibh Gaeilge ar bith ag a athair ná ag a mháthair. Ach bhí sé tumtha sa teanga i nDóire a' Chasáin agus cha raibh sé i bhfad go raibh an Ghaeilge ar a theanga aige.

Dar ndóigh bhí sé sa bhanna ceoil fosta agus bhíodh siad amuigh ar ócáidí móra sa cheantar. Is cuimhin leis nuair a tháinig an Taoiseach Éamonn De Valera leis an choláiste a fhoscailt, ócáid mhór don cheantar a bhí anseo agus is cuimhin leis fosta go raibh siad amuigh nuair a tháinig Fr. Brown 'na bhaile mar shagart. Jack Mac Pháidín a bhí mar phríomhoide ag an am agus bhí na hardranganna faoina chúram. Ina bhliain dheireanach rinne sé an scrúdú do na coláistí ullmhúcháin agus d'éirigh leis, ach cha raibh a intinn déanta suas aige go fóill caidé bhí shúil aige déanamh.


## An Scairt don Sagartacht.

Cé gur smaoinigh Pilib go minic faoin sagartacht cha raibh sé cinnte faoi. Daoine cráifeacha a bhí ina thuismitheoirí, dúirt siad an paidrín achan oíche agus comh maith le bheith ag dul ar Aifreann an Domhnaigh théadh a athair, go minic, go dtí an aifreann i gCarraig Airt i rith na seachtaine fosta. Bhíodh sé fhéin mar fhriothálaí Aifrinn go minic ar an Domhnach, bhíodh an t-aifreann thíos i Scoil Dhoire a'Chasáin ag a 10 a chlog. Bhíodh an tAth. Philib abhus as Glaschú ar saoire agus bhíodh an t-aifreann acu sa teach agus ba ghnách le Fr.Sweeney a theacht na bhaile ar saoire, bhíodh seisean ag fanacht ag a dheartháir a raibh cónaí air darna doras. Bhí tionchar ag seo ar fad é a chur i dtreo na sagartachta. Bhí sé i gcónaí iontach buíoch as an deashampla a fuair sé sa bhaile agus as an dóigh a deachaigh seo go mór i gcion air i rith a shaoil. Mar sin de bhí sé nádúrtha go mbeadh sé ag smaoineamh ar an sagartacht ach cha raibh a intinn déanta suas aige. Ansin lá amháin tháinig Fr.Brown isteach (Féach eagrán 54, Guth Ghoill) agus is cinnte gur chuir seo cor ina chinniúint. Rinneadh Fr.Brown a oirniú tamall roimhe sin agus bhí sé ag tabhairt ruaig thart ar thithe na paróiste. Labhair sé le Pilib fá caidé bhí shúil aige déanamh agus d'inis Pilib dó nach raibh a intinn déanta suas aige faoi aon rud. Ansin mhol Fr.Brown dó a dhul go dtí an choláiste a bhí ag na Cairmilítigh i mBaile na Martra (Castlemartyr) i gCo. Chorcaigh, ba seo an áit a bhí sé fhéin.Rinneadh seo a phlé; rinneadh na socruithe agus is go Corcaigh a chuaigh Pilib.



Ar an mheánscoil i mBaile na Marta. Pilib ar an chéad duine ar chlé ar cúl.

## Baile na Martra. (Castlemartyr).




Mí Meán Fómhair 1953 thug Pilip aghaidh ar Chorcaigh. Cha raibh sé imithe as baile ná amuigh as an Chontae ariamh roimhe sin ach char chuir seo isteach barraíocht air. Ach san am chéanna nuair a d'fhág sé Carraig Airt ina dhiaidh agus tamall den turas curtha thairis aige mhothaigh sé go raibh sé ar an bhealach ar a chuid fhéin don chéad uair agus cha raibh fhios aige caidé a bhí roimhe. Ach ansin ar an traein chas sé le gasúraí eile as an chontae seo agus ó chontaetha eile a bhí ar an ród céanna leis fhéin agus mhaolaigh seo an chumhaidh. Nuair a shroich siad Baile Átha Cliath bhí sagart ina n-airicis ansin, thug sé na gasúraí uilig fá choinne béile agus chuir sé iad ar an traein ag Kingsbridge a bhéarfadh iad go Corcaigh. D'imigh an traein ag tormáil fríd an dorchadas agus bhí na gasúraí fhéin sa dorchadas mar nach raibh a fhios acu cá raibh a dtriall; turas isteach sa dorchadas a bhí ann ar achan dóigh. Bhí sé mall san oíche nuair a shroich siad Corcaigh.

## An Choláiste.

Thart fá ceithre fichid mac léinn ar fad a bhí sa choláiste. Cha raibh duine ar bith eile ón pharóiste ansin ach bhí stócaigh as áiteacha eile sa chontae seo agus ó chontaetha eile ar fud na tíre ach tháinig a mbúnús ó Chorcaigh agus ó Chiarraí. Thaitin an choláiste go mór leis, cha raibh córas dian i bhfeidhm ann mar a bhí i gColáistí eile na linne sin ag an am. Bhí peil ghaelach, iománaíocht agus liathróid láimhe mar chaitheamh aimsire acu agus ansin tógadh cúirt leadóige, rud a chur lúchair air mar gur thaitin leadóg leis. Mheas sé nach raibh sé fisiciúil go leor don pheil ná don iománaíocht.

Fuair siad amach go cáthair Chorcaigh in amanna fosta agus is cinnte gur thaitin seo leis mar go raibh sé ábalta 'fish and chips' a bheith aige! Ba ghnáth leo fosta a dhul ar thuras lae achan bhliain agus bhíodh siad ag ceol ar an bhus agus is cuimhin leis gur mhaith le muintir Chorcaigh 'The Banks of my own Lovely Lee' a chanadh. Ansin nuair a thagadh sé go dtí an curfá san amhrán, ina gceolfaí an líne sin, ba ghnáth leis na mic léinn nárbh as Corcaigh iad 'athrú beag' a dhéanamh ar an líne sin agus cheolfadh siad: 'On the banks of my own Dirty Lee'.


Ba ghnáth leis páirt a bheith aige fosta sna ceoldrámaí a bhíodh acu ansin achan bhliain i dtrátha na Nollag. Tháinig deireadh lena shaol ar an mheánscoil 1958 nuair a rinne sé an Ard-Teist.



Mainistir na gCairmilíteach i mBaile Loch Riach áit ar chath sé bliain mar noibhíseach

## I nGaillimh agus i mBaile Átha Cliath.

Ceathrar as a rang -- fear as Gaillimh, Ua Fáile, Ciarraí agus Pilib é fhéin, a shocraigh go leanfadh siad ar aghaidh lena dturas i dtreo na sagartachta agus thug an chéad chuid eile den turas seo iad go Baile Locha Riach (Loughrea) i gCo. Na Gaillimhe. Bhí mainistir ag na Cairmilítigh anseo agus ba anseo a rinne siad a nóibhíseacht (novitiate), tréimhse bliana a bhí orthu a chaitheamh anseo, áit a ndearnadh iad a ullmhú don saol a bhí rompu in Ord na gCairmilíteach. Ba seo bliain a bhí dian go leor mar nach raibh mórán caidrimh leis an saol taobh amuigh agus leoga cha raibh mórán caidrimh idir na mic léinn iad fhéin ach oiread mar go raibh tréimhsi fada ciúnais ann i rith an lae. Théadh siad a luí measarhta luath ach chuirfí iad ina suí arís ag meán oíche le tuilleadh paidreacha a rá. Bhí orthu rialacha agus dóigheanna na gCairmilíteach a fhoghlaim, bhí sé dúshlánach ach bhí saol na n-ord naofa dian ag an am sin.



Pilib mar nóibhíseach i mBaoile Loch Riach

Nuair a bhí an bhliain curtha isteach ag Pilib i mBaile Locha Riach bhí air a dhul go Baile Átha Cliath chun trí bliana a chaitheamh ag staidéar na fealsúnachta (philosophy).I ndiaidh dó na trí bliana staidéir sin a bheith déanta aige bhí ceithre bliana eile le déanamh aige ag staidéar na diagachta (theology) agus de ghnáth bhí orthu seo a dhéanamh i mBaile Átha Cliath fosta ach tugadh cuireadh do Pilib an staidéar seo a dhéanamh sa Róimh.



Cearnóg Naomh Peadar sa Róimh

## Sa Róimh.

'Sé an riail a bhí ann ná, nuair a

rachfá isteach go Baile Locha Riach le do nóibhiseacht a dhéanamh, nach bhfaighfeá 'na bhaile go dtí go mbeifeá oirnithe 'na shagart, sin tréimhse ocht mbliana. Ach don té a bheadh ag dul go dtí an Róimh leis an chúrsa diagachta a dhéanamh ansin, thiocfadh leis seachtain a chaitheamh sa bhaile sula n-imeodh sé. Mar sin de fuair Pilib seachtain saoire sa bhaile sular imigh sé go dtí an Róimh.


An Teresianum sa Róimh.

Thug Pilib aghaidh ar an Róimh mí Meán an Fhómhair 1962.Cha raibh sé amuigh as an tír ariamh cheana agus ba ócáid mhór a bhí ann dó an deis seo a fháil. Lena chois sin cha raibh Iodáilis ar bith aige agus fosta, mar atá fhios againn uilig, bíonn sé ante san Iodáil, go háirithe i lár an tSamhraidh. De thairbhe seo uilig bhí cuid mhór aige le dhul i dtaithí air.

Agus creid nó ná creid chan ar eitleán a chuaigh sé go dtí an Róimh ach ar bhád agus ar thraein ----ar an bhád ó Bhaile Átha Cliath go Hollyhead, ar an traein go Londain agus ansin go Dover. Fuair sé an bád arís ag Dover agus ar aghaidh leis go Calais, an traein ansin arís go Paris agus ar aghaidh go dtí an Róimh. Is cinnte go raibh sé breá tuirseach i ndiaidh a leithéid de thuras a bheith curtha thairis aige. De réir cosúlachta bhí aerthaisteal iontach costasach ag an am sin ach cúpla bliain ina dhiaidh sin, a mhalairt a bhí fíor. Bhí beirt mhac léinn as na Stáit Aontaithe a chuaigh go dtí an choláiste sa Róimh ar long paisinéirí ach ansin nuair a bhí siad ag dul 'na bhaile i ndiaidh dóibh na cúig bliana a bheith críochnaithe acu dúradh leo a dhul 'na bhaile ar eitleán!


Pilib ag bualadh leis an Phápa John Paul II

**Sa Choláiste.—— College of Teresianum.**

Ba Institiúd Spioradálta agus Diagachta do mhic léinn idirnáisiúnta Cairmilíteacha a bhí sa choláiste. Bhí cúig rang ar fad ann agus sa rang le Pilib bhí a lán mic léinn ón Iodáil agus ón Spáinn agus an chuid eile ó thíortha i gcéin – beirt as na Stáit Aontaithe, beirt as Mexico agus mic léinn as Lebanon, Syria, an Bhraisil agus ón Olainn. Bhí ceithre bliana de staidéar diagachta le déanamh acu sula ndéanfaí iad a oirniú mar shagairt agus ansin bhí orthu bliain a chaitheamh sa Róimh sula ligfí iad 'na bhaile.


Pilib ar a bhealach chuig a oirniú. An dara duine sa líne is cóngaraí.

Cathair ar leith í an Róimh a bhfuil stair iontach ag baint léi agus ina bhfuil foirgnimh a théann ar ais na mílte bliain. Le linn na mblianta a chaith sé sa Róimh rinneadh trí phápa a roghnú: An **Pápa Paul VI, An Pápa John Paul 1 agus John Paul 11.** Ba ghnáth leis na mic léinn a dhul a fhad leis an Vatican nuair a bhí an Pápa úr le fógairt,d'fheicfeadh siad an toit bán ag dul san aer nuair a bheadh Pápa roghnaithe.Tá cuimhne ar leith ag Pilib ar an am a roghnaíodh John Paul 11. Bhí an t-iomrá amuigh gur an Cairdinéal Karol Jozef Wojtyla a bhí roghnaithe ach cha raibh fhios ag duine ar bith cárbh as é; chan Iodálach a bhí san fhear seo mar ba Iodálaigh a bhí in achan phápa ón 16ú aois. Nuair a bhí siad thíos i gcearnóg Naomh Peadar sa Vatican bhí scaifte ban rialta ansin agus nuair a d'inis siad dófa cé a bhí luaite go láidir mar an chéad pápa eile thosaigh siad ag scairtigh agus ag ceiliúradh. Ba ón Phólainn na mná rialta agus dár ndóigh bhí fhios acusan gur Polannach a bhí sa Chairdinéal Wojtyla.

Le linn tréimhsí ina mbiodh sé saor óna chuid staidéir agus ó na dualgais eile a bhíodh air ba ghnáth leis a dhul ag amharc ar iontais na cathrach agus bhí cuid mhór le feiceáil ---- foirgnimh, páirceanna, gairdíní, deilbh, ailtireacht, ealaín agus dar ndóigh iontais mar na Catacombs, an Colosseum, Séipéal an Sistine agus cuid ealaíne Michael Angelo agus an Vatican fhéin.

Ba ghnáth leo saoire an tSamhraidh a chaitheamh thuas in aice le cathair Florence. Bhí lúchair air fáil amach as an chathair fan am sin den bhliain de thairbhe go raibh teas na cathrach plúchtach agus marfach, bhí siad ar shiúl go háirithe do mhí Iúil agus Lúnasa.

## Oirniú.

Tháinig a lá mór do Philib ar an 16ú Aibreán 1966, an Domhnach i ndiaidh Domhnach Cásca. Mar ullmhúchán do lá a oirnithe bhí cúrsa spioradálta (retreat) ag an chúig chloigeann déag a bhí le hoirniú, ó Dhomhnach Cásca ar feadh na seachtaine roimh ré. Dar ndóigh bhí lúchair mhór air fosta mar go bhfeicfeadh sé a thuismitheoirí, chan fhaca sé iad le ceithre bliana. D'eitil a athair agus a mháthair go dtí an Róimh don ócáid, an chéad uair dóibh ar eitleán, bhí ar Joseph súil a



Lena thuismitheoirí & a chairde i ndiaidh a oirnithe



Ag tabhairt a bheanacht dá athair agus dá mháthair.

choinneáil ar an tsiopa agus bhí Maureen sna Holy Faith Sisters. Chuaigh a uncail an tAth.Philip, ó Ghlascú, anonn 'na Róimhe comh maith.

Bhí a chéad aifreann thíos staighre san Chrypt. Bhí cúig altóir déag bheaga leagtha amach ansin agus ba anseo a bhí a gcéad aifreann acu, ba é a uncail, an tAth. Philip as Glaschú, a bhlí mar fhriotháláí aige. Lá thar a bheith bródúil a bhí ann dá athair agus dá mháthair.

Ach dar ndóigh bhí air fanacht sa Róimh ar feadh bliain eile agus cha raibh teacht 'na bhaile ar bith ann go dtí'n bhliain dar gcionn.


## Sa Bhaile 1967.

Cuireadh fáilte mhór 'na bhaile roimh Philib i Mí na Bealtaine 1967. Tháinig sé na bhaile ar an oíche a d'imir Celtic i gcluiche ceannais Chorn na hEorpa—an oíche a fuair siad an bhuaidh ar Inter Milan agus d'fhág an bhuaidh seo cúis eile cheiliúrtha fan cheantar. Shíl daoine as siocar an cluiche a bheith ar siúl go mbeadh an teacht 'na bhaile suaimhneach go leor ach chan sin mar a bhí. Bhí na sluaite amuigh le fáilte a chur roimhe ón bhomaite a tháinig sé thar theorann na paróiste agus bhí na tinte cnáimh lasta ar achan ardán agus ar achan chnoc ó Dhuibhlinn Mór go Dumhaigh.. Cha ndéanann sé dearmad a choíche ar an oíche seo agus ar an fháilte a chur pobal an cheantair roimhe 'na bhaile. Dúirt sé a chéa-dAifreann sa bhaile i nGáinne agus is dócha go raibh rud beag imní air mar nach raibh mórán Gaeilge cleachtaithe aige ó d'fhág sé an baile 1953 ach nior fhéad sé imní a bheith air.

## Ar Ais sa Róimh.

Shíl Pilib anois gurb sin deireadh lena shaol sa Róimh agus go mbeadh an t-ord ag

fáil coirnéal dó i gceann de na mainistreacha a bhí acu ar fud an domhain. Ach chan sin mar a bhí. Iarradh air a dhul ar ais ‘na Róimhe agus céim dochtúra a dhéanamh, rud a rinne sé. Bhí a dhochtúireacht bunaithe ar an Chairdinéal John Henry Newman, fear a raibh cáil mhór air sa 19ú aois agus fear a rinneadh a naomhainmniú (canonised) i 2019. Le cois a bheith ag déanamh á dhochtúireacht bhí dualgais eile air fosta --- ag tabhairt treoir do na mic léinn a bhí ag ullmhú don sagartacht agus ag tabhairt léachtanna.



The Episcopal Ordination

of

THE RIGHT REVEREND PHILIP BOYCE, O.C.D.

Bishop - Elect of Raphoe

in

The Cathedral of Saints Eunan and Columba

Letterkenny

on

1st October, 1995

by

HIS GRACE MOST REVEREND JORGE MEJÍA

Titular Archbishop of Apollonia

Secretary of the Congregation for Bishops

assisted by

HIS EXCELLENCY MOST REVEREND EMMANUEL GERADA

Apostolic Nuncio to Ireland

and

THE MOST REVEREND SÉAMUS HEGARTY

Bishop of Derry

Ansin nuair a bhí a dhochtúireacht críochnaithe aige bhí éileamh mór air fanacht sa Choláiste agus a bheith mar léachtóir ag na mic léinn óga a bhí ag ullmhú don sagartacht comh maith lena ghnáth dhualgais eile mar shagart a chomhlíonadh. Bhí blianta fada caite aige anois sa Róimh, bhí aithne aige ar an chathair, bhí sé cleachtaithe leis an teas agus thar aon ní eile bhí an Iodáilis ar a theanga aige agus thaitin a chuid oibre leis, mar léachtóir, sa Choláiste. Bhí a fhios aige go mbeadh a shaol sa Róimh anois gnoitheach – aifreann na maidne, ag ullmhú mic léinn don sagartacht agus ag léachtóireacht sa diagacht. Shocraigh sé fanacht. Sé seachtaine de laetha saoire a bheadh aige anois achan bhliain agus bhí trí seachtaine acu seo le bheith caite ag tabhairt cúrsaí spioradálta (retreats) do mhná rialta na gCairmilíteach i Sasana agus in Albain, ar an bhealach ‘na bhaile dó. Thaitin na trí seachtaine a fuair sé le caitheamh sa bhaile go mór leis mar go bfuair sé deis fáil amach caidé mar bhí an saol fan bhaile.

Ceann de na míbhuntáistí móra a bhain leis an Róimh ná nach dtiocfadh leat scairt gutháin a dhéanamh díreach ‘na bhaile, chaithfeá scairt a chur in áirithe. Cha raibh sé ábalta scairt dhíreach a dhéanamh go dtí cúpla mí sula bhfuair a mháthair bás i 1984. Cha raibh an tsláinte ar an chuid is fearr ag a athair ná ag a mháthair ag tús na n-ochtóidí agus bhí siad faoi chúram Joe agus a bhean Annie ar an Mhuirleog ó 1982 ar aghaidh. Fuair a mháthair Bridget bás sa bhliain 1984 agus a athair Joe an bhliain dar gcionn, bhí siad beirt bliain thar na ceithre scór.

**Scairt gan Choinne.**

Mí an Mheithimh 1995 a bhí ann agus bhí na scrúduithe críochnaithe ag na mic léinn—achan duine anois ag caint faoi laetha saoire. Bhí Pilib sa halla léachtaí lá amháin nuair a scairteadh amach air fá choinne glaoch teileafóin agus insíodh do gur rúnaí Chomhthionól na nEaspag a bhí a lorg. Chuir seo iontas air mar nach raibh mórán baint aige leis an eagraíocht seo. D’iarr an rúnaí air a dhul agus labhairt leis an Chairdinéal a bhí mar Cheannaire (Prefect) ar Chomhthionól na


Pilib a oirniú mar Easpag in Ardeaglas Naomh Adhamhnán

nEaspag. Rinne Pilib amhlaidh ach cha raibh barúil ar bith aige caidé'n gnoithe a bhí ag an Cheannaire leis. Shuigh sé síos os comhair an Chairdinéil agus rinneadh comhrá a chéaduair, ar feadh cúpla bomaite, faoi rudaí nach raibh tábhacht ag baint leo. Ansin arsa an Cairdinéal, 'Tá folúntas i nDeoise Ráth Bhotha agus tá an Pápa ag iarraidh tusa a cheapadh mar an chéad easpag eile'. Dar ndóigh baineadh geit agus stangadh mór as Pilib mar go dtáinig an scéala seo ar fad go tobann agus gan choinne. Nuair a fuair sé a anáil leis chuir sé ceist ar an Chairdinéal an raibh freagra a dhíth láithreach. 'Sé an freagra a fuair sé ná, 'Scríobh litir fá cheann cúpla lá agus abair go bhfuil tú ag glacadh leis, mar gur seo atá an Pápa ag iarraidh'. Dar ndóigh baineadh úsáid as ainm an Phápa le brú a chur ar Pilib.

Bhí tréimhse aige anois a bhí deacair mar go mbíodh a chairde ag cur ceiste cá mbeadh sé ag dul ar laetha saoire ach cha raibh sé ábalta aon rud a insint dóibh mar nach raibh sé fógraithe go fóill go raibh sé ceaptha mar Easpag ar Ráth Bhotha. Rinneadh an ceapúchán a fhógairt agus a dhearbhú ar Fhéile Naomh Peadar agus Pól an 29ú lá de Mheitheamh 1995. Cha raibh ach seachtain amháin ón lá a cuireadh ceist air go dtí gur fógraíodh é mar Easpag agus is cinnte gur cuireadh cor ina shaol arís leis an scéal seo. Bhí cuid mhór le déanamh aige anois a ullmhú fhéin don teacht 'na bhaile. Bhí aige le deileáil anois fosta leis na meáin (media) agus ba seo dream nach raibh mórán teagmhála aige leo ariamh le linn a shaoil go dtí seo. Bhí sé ar shiúl ón bhaile, taobh amuigh de na laetha saoire, ón bhliain 1953 agus le bheith go hiomlán eolach ar an saol fan bhaile chaithfeá a bheith beo sa tír. Cha raibh an saol a d'fhág sé trí bliana déag agus fiche roimhe sin ar dhóigh ar bith cosúil leis an tír a raibh sé ag tabhairt aghaidh uirthi anois mar Easpag. Bhí sé ag fágáil saol an choláiste ina dhiaidh anois agus cha raibh fhios aige caidé a bhí roimhe.


John McAuley i gcuideachta an Easbaig i ndiaidh a oirnithe. Cheol sé Dooey Grá Mo Chroí don easpag níos moille san oíche.

# An Saol mar Easpag.



An tEaspag ar thuras go Toraigh

Rinneadh Pilib a oirniú mar easpag in Ardeaglais Naomh Adhamhnán i Leitir Ceanainn ar an chéad lá de Dheireadh Fómhair 1995. Ba mhór an ócáid a bhí ann do fhéin, dá theaghlach agus don pharóiste, go raibh mac dá cuid anois ina Easpag ar Ráth Bhotha agus is cinnte go ndearnadh a theacht 'na bhaile 'na paróiste a cheiliúradh go mór.

Bhí dualgais mhóra roimhe anois agus bhí air a dhul i ngleic le heachtraí agus le conspóidí ar leith a bhí ag tarlú sa Deoise le blianta sular tháinig sé. Cé gur thaitin a shaol spioradálta leis mar easpag, bhí deoise le reáchtáil, fadhbanna agus eile, agus d'fhág seo an saol corrach go maith in amanna. Lena chois sin bhí air a bheith thar a bheith cúramach agus é ag deileáil leis na meáin, chaithfeadh a chuid focal a bheith i gcónaí tomhaiste. Agus mar nach raibh cleachtadh ná taithí ar bith aige ariamh a bheith ag plé leis na meáin cha raibh mórán taitnimh aige ar an obair seo.

Ach, ar an taobh eile de, bhí cuid mhór de na freagrachtaí agus de na cúraimí a chuaigh lena chuid oibre mar Easpag a thaitin leis agus ar bhain sé sásamh astu le linn na mblianta a chaith sé mar Easpag agus is iad seo na cuimhní cinn a fhanann leis.

Pilib ar an stiúir ar an bhealach go hÁrainn Mór don chóineartú



Bhí ceiliúradh 1400 bliain Cholmcille, an turas go hIona, Féile Ghartáin 1999, Coisreacan Ardeaglais Naomh Adhamhnáin a bhí céad bliain ar an fhód 2001, ócáidí oirnithe – rinneadh os cionn 20 mac léinn a oirniú sa Deoise le linn a thréimhse mar Easpag. Ba ócáidí thar a bheith fiúntach agus tairbheach a bhí sa choinéartú, áit a bhfuair sé deis achan bhliain fáil amach agus bualadh leis na pobail éagsúla -- a thréad. Bhí a ról mar cheannurraidh ar na hoilithreachtaí go Lourdes agus go Fatima mar chúis bróid aige agus ina ócáidí spreagtha ar fheiceáil an slua

mór ón Deoise a chuaigh ar na hoilithreachtaí seo.

**Scíste.**

Bhí fiche bliain dá shaol caite aige anois mar Easpag Ráth Bhotha agus is cinnte go raibh scíste tuillte aige ón ualach trom a chuaigh leis an phost. Scríobh sé chuig Nuinteas an Phápa, ag cur in iúl dó caidé a bhí ar a intinn ach tháinig scéala ar ais chuige  leanstan ar aghaidh mar a bhí, ar feadh tréimhse eile. Mhair 'an tréimhse eile' sin dhá bhliain agus ar deireadh tugadh cead dó slán a fhágáil ag a chuid dualgas mar Easpag nuair a ceapadh Alan Mag Eochain mar Easpag Ráth Bhotha.



**An tEaspag lena theaghlach an oíche a rinneadh é a oirniú mar Easpag. Ó chlé: Maureen, a dheirfiúr; a dhearthair Joseph; Annie, bean Joseph,; ag gualainn an easpaig tá Pilib óg, mac Joseph agus Annie.**

Bhí sé ar a sháimhín só ar feadh ocht mí nuair a fuair sé scéala a chur cor eile ina shaol. Cha raibh Easpag ar bith i nDeoise an Droim Mhór i gCo an Dúin agus iarradh air dualgais agus freagrachtaí na Deoise a chomhlíonadh go dtí go ndéanfaí Easpag úr a cheapadh. Bhí an ról seo aige corradh agus bliain agus nuair a rinneadh an ceapachán bhí Pilib saor arís.

Tá sé sona sásta anois ina theach i Leitir Ceanainn. Ón aithne atá agam air chan fheicim go mbeidh sé a choíche díomhaoin, d'fhéadfaí a rá gur sin tréith a thóg sé leis óna thuismitheoirí. Thig a rá go bhfuil saol spioradálta, torthúil caite aige go dtí seo agus guímis uilig fad saoil leis agus sláinte an bhradáin aige ina shaol amach roimhe.



Tá mé thar a bheith buíoch do Philib go raibh sé iontach toilteanach suí síos go foighdeach lena shaol, a chuid cuimhní, a chuid smaointe agus a chuid barúlacha a rann agus leis an phobal.

# Scéim Leictreachas na Tuaithe i bParóiste Mhíobhaigh.

**Foclóir**

**Scéim Leictreachas na Tuaithe**
Rural Electrification Scheme
**Áibhéil** Exageration
**Cuisniúchán** Refrigeration
**Forbairt tionsclaíoch**
Industrial development
**Cúigeach** Provincial
**Gineadóir** Generator

Tá sé doiligh sa lá atá inniu ann a shamhlú an t-iontas a chuir **Scéim Leictreachas na Tuaithe** ar dhaoine ag an am.

Nuair a smaointíonn tú ar na hathruithe dochreidte a tháinig ar shaol na ndaoine tá sé furasta an t-iontas sin a thuigbheáil. Chan áibhéil (exaggeration) ar bith é a rá gurb briseadh ón tseansaol a bhí anseo agus gur fhoscail sé suas saol nua-aimseartha.

Baineann an t-alt seo le stair an ESB in Éirinn agus go hairithe le teacht an ESB go Paróiste Mhíobhaigh agus an tionchar a bhí ag sin ar shaol na ndaoine ag an am.

Ar dtús báire, le pictiúr soiléir den scéim seo a fháil, caithfidh rud beag eolais a bheith againn ar stair an leictreachais in Éirinn agus an tionchar a bhí aige ar an tír ar fad.

Dúradh faoi Scéim Leictreachas na Tuaithe gurb é an réabhlóid shóisialta ba mhó a tharla in Éirinn ó Leasú Chóras na Talún ag deireadh an naoú haois déag nuair a ceadaíodh d'fheirmeoirí a gcuid talaimh fhéin a cheannacht.

'Sé'n rud is iontaí fá sin ná cé gur cheannaigh na feirmeoirí beaga an talamh cha dtáinig athrú de shórt ar bith ar an dóigh a d'oibrigh siad an talamh nó ar an dóigh a ghlan siad na bóithigh nó na sciobóil go dtí go dtáinig an leictreachas a fhad leo sa fichiú céad cé acu a tharla sin sna caogaidí, sna seascaidí nó sna seachtóidí.

Bhí an obair ar na feirmeacha agus sna tithe tuaithe faoi smacht ag solas an lae. Cha raibh uisce reatha acu mar bheadh na pumpaí ag brath ar leictreachas agus bhí an teas agus an chócaireacht sna tithe ag brath ar an tine fhoscailte. Bhí sé doiligh áiteacha a choinneáil glanta i gceart gan uisce reatha te nó fuar agus gan **cuisniúchán** de shórt ar bith. Gan leictreachas cha dtiocfadh le duine ar bith tabhairt faoi **fhorbairt thionsclaíoch** agus tchíonn tú faoin am seo gur chruthaigh an easpa leictreachais saol faoin tuath in Éirinn a bhí dorcha i léar dóigheanna agus iontach deacair ó thaobh jabanna agus airgid de.

D'iarr an rialtas ar an ESB tuairisc a dhéanamh ar Leictreachas na Tuaithe agus rinneadh an tuairisc sin a fhoilsiú i 1945 ach cha dtiocfadh leo tús a dhéanamh le cur i bhfeidhm na scéime go dtí 1946 mar gur chuir an Dara Cogadh Domhanda cosc leis.

'Sé'n plean a bhí ag an ESB ná an tír a roinnt i 792 ceantar agus tugadh tús áite do na ceantracha sin a thabharfadh an t-ioncam is mó don ESB ó thaobh na

gcostaisí de. Ciallaíonn sin go raibh na paróistí is iargúlta fágtha ar an mhéar fhada. Sa bhliain 1962 rinne an rialtas an cinneadh go rachadh an scéim ar aghaidh níos tapúla agus d'ardaigh siad an deontas. Chuaigh an ESB thart ag canbhasáil go dian agus d'éirigh chomh maith sin leo go raibh an leictreachas istigh in 80% de na tithe faoin tuath ag tús 1965 ar chostas £54 milliún.

Níl dabht ar bith ná go raibh tionchar iontach, fabhrach ag teacht an leictreachais ar shaol na ndaoine ó thaobh cúrsaí eacnamaíochta, sóisialta agus cultúrtha de.

Deirtear fosta nach raibh dóigh ar bith a gheobhadh Éire isteach san EEC i 1973 ach ab é go raibh úsáid an leictreachais faoin tuath chomh forleathan sin.

Bhí an oiread sin gnóthaí agus monarchana úra curtha ar bun sa tír ó lár na seascaidí go dtáinig éileamh millteanach ar an leictreachas agus shocraigh an ESB méadú mór a dhéanamh ar fhorbairt na scéime agus 'sé'n sprioc a bhí acu ná críoch a bheith curtha leis i 1975. Char éirigh leo sin a dhéanamh ach tháinig deireadh leis ag fá dheireadh na seachtóidí agus faoin am sin bhí an leictreachas i 98% de thithe na tíre.D'éirigh chomh maith sin leis an scéim agus an tionchar a bhí aici ar eacnamaíocht na tíre gur tugadh 'An Tíogar Ceilteach' ar Phoblacht na hÉireann sna nóchaidí.

Sa lá atá inniu ann tá léar daoine den tuairim nach raibh leictreachas ar bith faoin tuath go dtí go dtáinig an ESB ach chan amhlaidh a bhí.

Tháinig leictreachas isteach go hÉirinn in 1880 nuair a lasadh an chéad lampa leictreach sa tír taobh amuigh de oifigí an Freeman's Journal ar Shráid an Phrionsa i mBaile Átha Cliath. Seo an bhliain chéanna is a d'éirigh le Edison bulba leictreach a lasadh i gceart.

'Sé'n chéad bhaile cúige a fuair solas leictreach poiblí ná Ceatharlach. Bhí **gineadóir** acu i monarcha plúir ag cur amach na cumhachta chucu. Ba seo an bhliain 1891. Bhí Charles Stewart Parnell ansin ag caint os comhair slua an oíche chéanna agus d'úsáid sé an solas úr mar shiombail ar Éire úr agus saor.

Is iontach an rud é nuair a amharcann tú ar an dáta seo 1891 mar nuair a fosclaíodh Óstán Ros na Binne sa bhliain 1893 bhí leictreachas acu.

Caithfidh go bea an t-óstán seo ceann de na chéad foirgnimh sa chontae a raibh an chumhacht seo acu. Bhí gineadóir acu i sci-obóil atá ina sheasamh go dtí an lá ata inniu ann.



**Soláthróirí** Suppliers
**Rathúil** Successful
**Gráta Náisiúnta** National Grid
**Forásach** Progressive

Nuair a chuireann tú san áireamh go raibh áiteacha in íochtar na paróiste seo nach bhfuair an leictreachas go deireadh 1963 (Dun Dúbháin) nó tús 1964 tá sé doiligh samhlú cad é'n dearcadh a bhí ag muintir na háite a bhí ag obair san óstán ag deireadh an naoú céad déag agus an solas ag barr a méire acu.

Taobh amuigh de Bhaile Átha Cliath agus Ceatharlach chuaigh leictreachas isteach sna bailte agus sna cathracha áirithe de réir a chéile roimh neamhspleachas na tíre i 1922. San am chéanna bhí ar na tuathánaigh amharc le héad ar shoilse lonracha na mbailte ar feadh tréimhse fada eile.

**Leictreachas i dTír Chonaill roimh an ESB.**

Bhí leictreachas sa chontae seo sula raibh iomrá ar bith ar an ESB.

Sa bhliain 1925 bhí 161 comhlacht ag cur cumhacht ar fáil in áiteacha ar fud na tíre. Cuireadh an ESB ar bun sa bhliain 1927 agus taispeánann tuairiscí a rinne siad ag an am go raibh 28 **soláthróir** leictreachais áitiúil i dTír Chonaill. Ciallaíonn sin go raibh ceadúnas ag 28 duine nó comhlacht leictreachas a chuir ar fáil do thrí theach nó níos mó ina gceantar áitiúil. Ní thaispeánann na tuairiscí seo na blianta a cuireadh na gnóthaí seo ar bun ach luann siad líon na gcustaiméirí a bhí acu agus an bhliain ar ghlac an ESB seilbh ar na gnóthaí seo.

Sin mar a bhí sé sa pharóiste seo agus ins na ceantracha thart timpeall.

Bhí dhá sholáthróir i mBaile na nGallóglach.

Thug **McMahon Brothers** leictreachas don bhaile roimh 1927. I 1929 bhí siad ag soláthar leictreachais do 30 foirgneamh idir thithe agus ghnóthaí agus d'ardaigh seo go 52 i 1954 nuair a ghlac an ESB seilbh ar an ghnó.

Bhí **William Russell** ag soláthar don bhaile roimh 1927 fosta agus bhí 40 teach nó gnó mar chustaiméirí aige nuair a ghlac an ESB seilbh ar a ghnó i 1954.

Cheannaigh M/s Mary Ann Maguire Óstán Charraig Airt i 1933 agus dhíol sí é le Dermot Walsh i 1946. Cé gur reáchtáil sí óstán **rathúil** agus thug sí fostaíocht do dhaoine áitiúla beidh cuimhne i gcónaí uirthi mar an duine a sholáthair leictreachas don tsráidbhaile. Fuair sí May's as Doire leis an ghléasra-leictreachais a chur i bhfoirgneamh ar chúl an óstáin. 'Sé George Lynch a rinne an obair sin agus phós sé Mary Ellen Gallagher, iníon Fannie a raibh óstán An Réalt Thuaidh aici. Thosaigh Mary Ann ag soláthar do thithe agus do ghnóthaí, 17 ina iomlán, sa tsráidbhaile agus d'ardaigh sin go 27 nuair a ghlac an ESB seilbh ar an ghnó ó Dermot Walsh.

'Sé sruth A/C a bhí ann ar dtús ach d'athraigh sin go sruth D/C thar am. Cuireadh méadair sna tithe agus sheiceáil Tommy Gavigan as Ard an Rátha iad achan mhí agus bhailigh sé an t-airgead. Lean seo ar aghaidh nuair a cheannaigh Dermot Walsh an t-óstán agus is Mickey Duffy as Carraig Airt a choinnigh achan rud ag obair i gceart go dtí go dtáinig an ESB isteach sa cheantar i 1954.

**Scéim na Sionainne:**


Thosaigh Scéim na Sionainne ag giniúint leictreachais don **ghráta náisiúnta** i mí Deireadh Fómhair 1929 agus sholáthair an ESB leictreachas do na cathracha, do na bailte agus do na sráidbhailte is mó in Éirinn.

Ó 1929, bhí 9 mbaile i nDún na nGall soláthraithe díreach ó Scéim na Sionainne.

Bealach Féich 1953-1954
Béal Átha Seanaidh, 1945-1946
BunCranncha, 1953-1954
Bun Dobhráin, 1945-1946
Conmhaigh, 1943-1944
Dún na nGall, 1952-1953
LeitirCeanainn, 1931-1932
Leifear, 1943-1944
Srath an Urláir, 1953-1954

Sin ráite bhí an chuid eile den chontae curtha ar an mhéar fhada.

Bhí an Saor Stát úr **forásach** ó thaobh tógáil an Stáisiún Cumhachta de ag Ard na Croise sna fichidí agus é mar sprioc acu leictreachas a chur ar fail don tír uilig.



Is togra iontach a bhí anseo go háirithe nuair a chuireann tú san áireamh nach raibh neamhspléachas na tíre bainte amach ach cúpla bliain roimhe seo i 1922. Bhí a fhios ag na húdaráis nach dtiocfadh le gnónna príobháideacha an méid leictreachais a bhí de dhíth sa tír a chur ar fáil agus go raibh idirghabháil an stáit a dhíobháil. Faoin am a raibh an scéim lainseáilte bhí sé ar an scéim ba mhó den chineál sin ar an domhan.

I ndiaidh sin is eile bhí go leor conspóide agus curin aghaidh na scéime ach sheas an tAire Patrick McGilligan, an fear a bhrúigh an scéim chun tosaigh, a

fhód. Ag an tús b'iad na cathracha agus na bailte móra is mó a bhain tairbhe as an scéim mar bhí fíor bheagán de cheantracha na tuaithe ceangailte leis an scéim.

**Fóirdheonaithe go laidir**
Heavily subsidised
**Sreangaithe** Wired

Faoin bhliain 1939 bhí an rialtas réidh le Scéim Leictreachas na Tuaithe a chur ar bun ach thosaigh an Dara Cogadh Domhanda agus chuir sin achan rud bealach an gharraí. Cuireadh an scéim ar ceal go dtí 1946.

Cuireadh suas an chéad polla i Scéim Leictreachas na Tuaithe ar an 5ú lá de mhí na Samhna 1946 i Kilsallaghan i dtuaisceart Chontae Bhaile Átha Cliath. Lasadh na chéad soilse sa scéim sa tSeanbhaile (Oldtown), i gContae Bhaile Atha Cliath. Ag an am bhí os cionn 400,000 teach gan leictreachas faoin tuath.

Bhí an tír roinnte i 792 ceantar, bunaithe ar an chuid is mó ar an pharóiste.

Bhí ar a laghad duine amháin in achan cheantar a chuaigh thart ar na tithe ag mealladh na ndaoine i dtreo an ESB. Labhair na sagairt ón phuilpid ag spreagadh na ndaoine le bheith páirteach sa scéim. Más mó daoine a bhí ag iarraidh a bheith sa scéim sin mar is tapúla a gheobhadh siad cuid oibrithe an ESB béal dorais dófa. Bhí cuid mhór daoine a bhí mí-ámharach le comharsana nach raibh ag iarraidh an leictreachas a fháil isteach mar cha rachadh an ESB in áiteacha nach raibh go leor tithe istigh sa scéim.



Cad chuige a raibh daoine ann nach raibh ag iarraidh an leictreachas a fháil? Bhí cuid acu a raibh eagla orthu go rachadh an tuí trí thine orthu agus daoine eile a bhí sásta leis an dóigh a raibh rudaí, ach sé'n chúisis mó nach raibh siad i bhfabhar ná nach raibh an t-airgead acu. Bhí an bochtanas go forleathan sa tír agus cé go raibh an scéim **fóirdheonaithe go láidir** ag an rialtas bhí ar dhaoine a gcuid tithe a bheith **sreangaithe** acu agus bhí táille cheangail le híoc fosta. Tugadh 'backsliders' orthu sin a d'aontaigh dul isteach sa scéim ach ansin a tharraing amach as arís.

Uair amháin a bhí ceantar réidh le bheith lasta suas thug an ESB taispeántas ar cuid de na gléasanna leictreacha a bhí ar fáil ón ESB mar a bhí na citil, na hiarainn don smúdáil agus mar sin de.

Bhí forbairt seasta déanta tríd na caogaidí agus ag tús na seascaidí agus faoin bhliain 1965 bhí 80% de na tithe faoin tuath ceangailte isteach sa scéim. Creid é nó ná creid ach ghlac sé go dtí lár na seachtóidí sula raibh na háiteacha is iargúlta ceangailte.







Bhí stádas na n-oileán níos measa arís:

Árainn Mhór, 1956

Inis Bó Finne, 2002

Inis Fraoigh, 2000

Gola /Gabhla, 2005

Bhí Dún na nGall roinnte i 45 ceantar tuaithe agus thug siad ceantar Charraig Airt ar an pharóiste seo.


Thosaigh siad anseo i mí Meithimh 1954 agus chríochnaigh siad i mí Feabhra 1955. D'úsáid siad 1330 poll ag an am agus tháinig na poill sin isteach go céidh na nDúnaibh mar go bea sin an modh taistil is fearr dá leithéid sin d'ualach.

Thosaigh siad i gCarraig Airt agus tháinig siad isteach go dtí na Dúnaibh leis an chumhacht roimh dheireadh na bliana ach bhí áiteacha fágtha ar leataobh. Bhí an leictreachas ar an Ghlíob agus i nGleann Úirigh i 1956 ach is i mí na Samhna 1963 a fuair Dun Dúbhain an leictreachas.

Bhí fear a raibh clú is cáil air faoin áit ag dul thart le capall mór, Clydesdale a bhí sa chapall, ag tarraingt na bpollaí fríd na cuibhrinn. Bhí na páistí ar Scoil Mhíob-haigh a choimhéad is é ag tarraingt pollaí síos a fhad le teach Den Coyle ar an Raplach.



**Osnádúrtha** Supernatural




Tá scéal fá bhean a bhí ina cónaí i gceantar iargúlta agus nuair a cuireadh an leictreachas isteach dithe chuaigh a dearthháir isteach go bhfeicfeadh sé caidé mar a bhí rudaí léi. Thug sé fá deara an soicéad amháin ar an bhalla sa tseomra beag ina raibh sí agus chuir sé ceist uirthi fá caidé a shíl sí den leictreachas. Seo an freagra a fuair sé.

"Aw" a dúirt sí "All dem years an' that 'lectric was in dem walls an' ah niver knowed."

Thosaigh an scéim sa cheantar seo faoi stiúir Mr. D. P. Gallagher agus bhí sé ar aghaidh go maith nuair a cuireadh é go Baile Átha Cliath agus ghlac Mr. P.J. Quinn seilbh ar an togra.

I dtuairisc faoin cheantar dúradh gur tír gharbh shléibhtiúil a bhí inti, ina raibh gleannta doimhne agus portaigh go forleathan.

Bhí píosa faoi leith a bhí tuairim is dhá mhíle ar fad idir Carraig Airt agus na Dúnaibh a bhí trioblóideach go leor mar gur gaineamh uilig a bhí ann agus é chóir a bheith ag leibhéal na mara. Bhí sé chóir a bheith dodhéanta poill a thochailt amach do na pollaí mar nach raibh siad ábalta dul níos doimhne ná ceithre throigh go dtí go mbuailfeadh siad uisce. 'Sé'n réiteach a fuair siad ar an fhadhb ná bairillí tara a chuir síos agus na pollaí a chuir iontu. D'oibrigh siad go hiontach mar cha raibh fadhb ariamh leo i ndiaidh sin, ba chuma caidé chomh láidir is a shéid an ghaoth. Chuidigh an leictreachas go mór ó thaobh fostaíochta sa cheantar. D'oscail McNutts monarchan i 1958 agus bhí an bhád chlós ar an Mhaol Ruaidhe fosta.





Chuaigh 502 teach isteach sa scéim ar dtús ach tharraing 28 amach arís agus bhí ceathrar de na tithe folamh ó rinneadh an canbhás. Ar an taobh eile den scéal chuaigh 44 duineúr isteach sa scéim agus thug seo 514 san iomlán.

Dhíol an ESB neart earraí cosúil leis na citil agus mar sin thóg siad £1500 sa cheantar, rud a d'fhág an ESB breá sásta. Lena chois sin cheannaigh Óstán Charraig Airt luach earraí gur bhfiú £1261.

Char tharla rud ar bith ariamh sa tír seo a d'athraigh saol na ndaoine sa 20ú aois níos mó ná Scéim Leictreachas na Tuaithe. Bhain se léar den sclábhaíocht amach as an fheirmeoireacht agus chuidigh sé go mór le saol na mban fosta mar ag an am bhí orthu dul síos go dtí an sruthán nó an abhainn agus tine a lasadh leis na héadaí a ní, rinne an t-ineall níocháin ar shiúl le seo. Is ar shaol shóisialta na ndaoine is mó a tháinig athrú. Ghlac mar shampla go raibh daoine ag dul isteach i dtithe na gcomharsan ag airneál san oíche agus cha raibh a leithéid de rud ann is cnag a bhuaileadh ar an doras. Shiúil siad isteach, shuigh siad síos agus ba rud nádúrtha a bhí ann é seo a dhéanamh. Ach leis an leictreachas tháinig an teilifís agus de réir a chéile stad an airneál. Bhí réim an tseanchaí thart. Le teacht an leictreachais Cha raibh leath oiread taibhsí nó síogaí faoin cheantar, d'imigh siad leis an dorchadas agus cha raibh an creideamh céanna ag daoine i rudaí **osnádúrtha**.

Tá sé doiligh sa lá atá inniu ann an tuigbheáil cheart a fháil ar an éacht a rinneadh sa tír seo leis an leictreachas a thabhairt d'achan theach..Cha raibh Eire saibhir nó láidir i dtaca le heacnamaíocht nó le tionscail de nuair a thug siad agaidh ar bhóthar an tsaoil ach d'éirigh leis an rialtas an jab iontach seo a chur i gcrích agus laghdaigh siad an t-ualach ar an ghnáth dhuine agus las siad solas sa tír atá ag lonrú go fóill.



"Bhí fear ann fadó agus fadó a bhí ... Will ye listen to me!"


# CUMANN LÚTHCHLEAS GAEL NA NDÚNAIBH 1948

**Seo thíos cuntas faoi chuid costas CLG Na nDúnaibh don bhliain 1948. B'í Peigí Ryder rúnaí Céim Aniar a chur seo ár mbealach mar go raibh a hathair féin ina rúnaí ar CLG Na nDunaibh ag treimhsí le linn na mblianta sin. Dar ndóigh bhí Peigí í fhéin ina rúnaí ar CLG Na nDúnaibh ar feadh deich mbliana.**

Tchífidh sibh thíos duilleog ar a bhfuil cuntas ar an chaiteachas a bhain le cumann a reáchtáil dhá bhliain déag agus trí fichid bliain ó shin, siar sa bhliain 1948, an bhliain a bhain na Dúnaibh Craobh Sóisir na Contae don chéad uair. Tugann seo léargas dúinn ar an athrú ó shin maidir le cúrsaí airgid.

D'amharc mé fríd ráiteas airgid CLG Na nDúnaibh don bhiain 2019 agus is dócha go dtiocfaí a rá go gcosnaíonn sé i ndeas de chéad míle euro an cumann a reáchtáil anois. Caithfear a chur san áireamh anois go bhfuil foirne faoi-aois, sin ó faoi-6 go faoi-21 a reáchtáil ag an chumann comh maith le dhá fhoireann sinsir agus níl sin ag cur foirne na mban san áireamh. Ceann de na costais mhóra atá ar fhoirne an lae inniu agus nach raibh iomrá ar bith air san am sin ná árachas (insurance).

Má amharctar ar an ráiteas ó 1948 tá bille de '15/- to Donohue for cigs'. B'fhéidir gur seo an dóigh a bhí acu leis na peileadóirí a íoc! Maidir leis an Donohue atá ansin, ba seo siopa beag a bhí in aice le Teach Thrá Mhór. Tá sé druidte le blianta. Ceannaíodh péire bróga peile fosta do Barney Winston. Bhí seisean ina gharda a bhí lonnaithe i gCreamhghort agus a d'imir do na Dúnaibh in amanna. Fuair Gaoth Dobhair £5 ar chúis éigin agus creid nó ná creid bhí ar an chumann £3 cíos a íoc leis an Iarla Liatroma ar son úsáid na páirce. Sin mar a bhí an saol i 1948.



When Jun. Championships finished October 1948
Cash on hands was £23 = 15 = 0
£5 Paid to Gweedore
15/- to Donohue for Cigs
£1 11 - 6 to Johnnie Sweeney for Boots supplied to B. Winston July 1947
£3 Paid to Earl of Leitrim for Rent of football Pitch.
£10 6 = 6 = Balance £10 = 6 = 6
7 = 11 = 0 to B. Ward.
£3 : 15 : 6
£3 = 15 · 6 Balance
3 15 6
7 11 0
11 6 - 6



# Beannachtaí na Nollag




Conaill Mac Bhloscaidh


Anna Ní Bhuaidhe



Rebeke Soboleva



Seaghan Russell



Ellie Ní Bhuaidhe


Sorcha Ní Luadhóg



Seosamh Ó Colla


Addisson Nic Giolla Bhríde

Glór Ros Goill

Gaeltacht na hÉireann

Údarás na Gaeltachta